2026/2498

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2498 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bpraghas carbóin a íocadh i dtríú tír a thiontú ina laghdú comhfhreagrach ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh, an fhianaise gur íocadh an praghas carbóin sin, cáilíochtaí an duine neamhspleách agus coinníollacha chun neamhspleáchas agus cáilíochtaí an duine sin a fhionnadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2023/956 go bhféadfaidh dearbhóir SCCT údaraithe laghdú a éileamh ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh, laghdú a chomhfhreagraíonn don phraghas carbóin a íocadh iarbhír i dtríú tír le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe dearbhaithe chun a áirithiú nach n-íocfar praghas carbóin faoi dhó ar na hastaíochtaí céanna.

(2) Le linn na hidirthréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025, bhí allmhaireoirí nó ionadaithe custaim indíreacha le tuairisciú ar aon phraghas carbóin a bhí dlite i leith na n-astaíochtaí leabaithe dearbhaithe, lena n-áirítear praghsanna carbóin a bhí dlite i leith astaíochtaí a bhí leabaithe in ábhair réamhtheachtacha ábhartha. Sa bhreis ar an bhfaisnéis luachmhar a bailíodh le linn na tréimhse sin, bhailigh an Coimisiún taithí agus faisnéis luachmhar ó pháirtithe leasmhara freisin, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha ina bhfuil feidhm ag rialacha praghsála carbóin.

(3) I gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, d'eisigh an Coimisiún glao ar fhianaise idir an 28 Lúnasa agus an 25 Meán Fómhair 2025 chun ionchur ó pháirtithe leasmhara a bhailiú d'fhonn bonn eolais a chur faoi dhearadh na rialacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme seo. Foilsíodh an dréachtghníomh le haghaidh aiseolais ó pháirtithe leasmhara ón 13 Bealtaine 2026 go dtí an 10 Meitheamh 2026.

(4) De bhun Airteagal 9(4) de Rialachán AE 2023/956, féadfaidh an Coimisiún, i gcás tríú tíortha ina bhfuil rialacha praghsála carbóin i bhfeidhm, na praghsanna carbóin réamhshocraithe le haghaidh na dtíortha sin a chinneadh agus a chur ar fáil i gclárlann SCCT agus an mhodheolaíocht chun iad a ríomh a fhoilsiú. Déanfaidh an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na sonraí is fearr atá ar fáil ó fhaisnéis iontaofa atá ar fáil go poiblí agus ó fhaisnéis arna soláthar ag na tríú tíortha sin. Le tuairisciú ar bhonn praghsanna carbóin réamhshocraithe arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún, de rogha ar thuairisciú ar bhonn an phraghais carbóin a íocadh iarbhír bunaithe ar fhianaise arna deimhniú ag duine neamhspleách, dhéanfaí an costas comhlíontachta le haghaidh dearbhóirí SCCT údaraithe a íoslaghdú agus sheachnófaí aon chostas comhlíontachta le haghaidh oibreoirí tríú tír, rud a d'éascódh asbhaint an phraghais carbóin.

(5) Ós rud é go bhfuil ríomh an phraghais carbóin a íocadh iarbhír ag brath ar ríomh na n-astaíochtaí leabaithe san earra, agus i gcomhréir leis na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ní fhéadfaidh dearbhóir SCCT údaraithe asbhaint an phraghais carbóin a íocadh iarbhír a éileamh ach amháin ar bhonn na fianaise arna deimhniú ag duine neamhspleách, i gcás ina gcinntear na hastaíochtaí leabaithe ar

([1]) IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

bhonn luachanna iarbhír. I gcás ina gcinntear na hastaíochtaí leabaithe bunaithe ar luachanna iarbhír, féadfaidh dearbhóirí SCCT údaraithe a roghnú freisin an praghas carbóin réamhshocraithe ábhartha a úsáid. I gcás ina gcinntear astaíochtaí leabaithe bunaithe ar luachanna astaíochtaí réamhshocraithe, ní fhéadfar an asbhaint a éileamh ach amháin ar bhonn an phraghais carbóin réamhshocraithe ábhartha arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956, ba cheart praghas carbóin a íoc faoi scéim um laghdú astaíochtaí carbóin, i dtríú tír i bhfoirm cánach, tobhaigh nó táille, nó i bhfoirm lamháltas astaíochtaí faoi chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa, a ríomhtar de réir gáis ceaptha teasa a chumhdaítear leis an mbeart sin agus a scaoiltear le linn tháirgeadh na n-earraí. Is féidir cánacha, tobhaigh nó táillí carbóin a thobhach ar leibhéal an oibreora nó go hindíreach ar an gcion carbóin i mbreosla. Féadfar córais bhonnlíne agus chreidmheasa a áireamh sna cineálacha córas trádála astaíochtaí. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairt sásraí nua um praghsáil carbóin i dtríú tíortha, agus chomh maith leis sin ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánacha carbóin breosla-bhunaithe agus na rialacha sin a oiriúnú i gcás inar gá i gcás nach ndreasódh siad go leordhóthanach an earnáil tionsclaíochta chun breoslaí nach bhfuil chomh dian céanna ar charbón a úsáid.

(7) Chun tacú le hasbhaint an phraghais carbóin a íoctar iarbhír agus chun ardleibhéal aonfhoirmeachta a áirithiú le linn an asbhaint a chur i bhfeidhm, ba cheart liosta a bheith sa Rialachán seo de na sásraí is infheidhme um praghsáil carbóin i dtríú tíortha a chomhlíonann, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, na sainmhínithe is infheidhme i Rialachán (AE) 2023/956 agus sa Rialachán seo. Maidir le sásraí um praghsáil carbóin nach n-áirítear ar an liosta, lena n-áirítear scéimeanna fonáisiúnta agus sásraí atá nua, ba cheart don duine neamhspleách measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann siad na sainmhínithe is infheidhme. I gcás ina gcomhlíonann sásra na sainmhínithe is infheidhme, ba cheart don duine neamhspleách measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise a sholáthair oibreoir an phraghais carbóin a íocadh go héifeachtach.

(8) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar liosta na sásraí um praghsáil carbóin ar bhonn bliantúil, d'fhonn an oiread sásraí um praghsáil carbóin agus is féidir a chumhdach. Chun liosta na sásraí um praghsáil carbóin a thabhairt cothrom le dáta, féadfaidh an Coimisiún aon iarraidh ó dhlínsí ábhartha tríú tír a fháil agus a phróiseáil, ina dtabharfar tuairisc ar ghnéithe ábhartha an tsásra um praghsáil carbóin. Féadfaidh an Coimisiún iarrataí a fháil freisin ó údaráis inniúla, lena n-áirítear ar bhonn comhairliúcháin idir údaráis inniúla agus dearbhóirí SCCT údaraithe, chun measúnú a dhéanamh ar shásra um praghsáil carbóin nach liostaítear faoin Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún a chumhdach ina mheasúnú na sásraí sin um praghsáil carbóin nach liostaítear agus a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid in éilimh ar asbhaint an phraghais carbóin a íoctar iarbhír. Chun asbhaint aonchineálach chomhsheasmhach den phraghas carbóin a íoctar iarbhír a áirithiú, ba cheart don Choimisiún torthaí a mheasúnaithe a chur in iúl gan mhoill do na húdaráis inniúla trí chlárlann SCCT.

(9) Ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ar an bpraghas carbóin a íoctar iarbhír mar chuid dá n-athbhreithniú ar dhearbhú SCCT de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/956. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar éilimh i ndáil le praghas carbóin a íoctar iarbhír i dtríú tír, lena n-áirítear sula gcinnfidh an t-údarás inniúil go bhfuil líon dearbhaithe na ndeimhnithe SCCT atá le géilleadh mícheart. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a sholáthar go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar shásraí nua um praghsáil carbóin nach liostaítear sa Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar éilimh atá i bhfad níos airde ná mar a bheidís dá n-úsáidfí na praghsanna carbóin réamhshocraithe arna gcinneadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2023/956.

(10) Ba cheart don Choimisiún dul i dteagmháil le tríú tíortha nó críocha ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann go dtabharfadh an tAontas comhaontuithe déthaobhacha i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 2(12) de Rialachán (AE) 2023/956, d'fhonn cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éascú trí éilimh ar asbhaint an phraghais carbóin a íoctar a shimpliú agus trína n-iontaofacht a threisiú, lena n-áirítear trí chineálacha doiciméad oifigiúil a shainiú ar féidir brath orthu chun fianaise an phraghais carbóin a íoctar iarbhír a dheimhniú.

(11) Chun a áirithiú go léiríonn an laghdú ar an líon deimhnithe SCCT na costais charbóin a íocadh cheana i leith na n-earraí a dearbhaíodh, ba cheart aon phraghas a íocadh faoi shásra um praghsáil carbóin le haghaidh astaíochtaí leabaithe na n-earraí a chur san áireamh agus an laghdú sin á ríomh, ach níor cheart praghsanna a íocadh i gcás astaíochtaí nach mbaineann le hastaíochtaí leabaithe na n-earraí a dearbhaíodh a chur san áireamh. D'fhéadfadh praghas carbóin a bheith bainteach le hastaíochtaí díreacha, astaíochtaí indíreacha i gcás inarb infheidhme, agus astaíochtaí réamhtheachtaithe atá leabaithe sna hearraí a dhearbhaítear agus a fhéadfar a íoc faoi shásraí éagsúla um praghsáil carbóin i ndlínsí éagsúla ina bhfuil feidhm ag rialacha praghsála carbóin.

(12) Chun cuntas cruinn a thabhairt ar na hastaíochtaí faoi raon feidhme SCCT ar íocadh praghas carbóin ina leith cheana, ba cheart na hastaíochtaí atá faoi réir praghas carbóin a shannadh do na hearraí a tháirgeann an tsuiteáil, i gcomhréir leis na teorainneacha córais agus na próisis táirgthe a leagtar amach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 ón gCoimisiún ([3]).

(13) Chun coibhéis a áirithiú idir an praghas carbóin a íoctar i dtríú tír agus an praghas carbóin a íoctar faoi CTA AE, níor cheart ach praghsanna carbóin a íoctar i gcás sainastaíochtaí leabaithe faoi shásra um praghsáil carbóin i dtríú tír a bheith ina gcúis le laghdú ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh i gcás ina bhfuil an scéim sin i bhfoirm cánach, tobhaigh nó táille nó lamháltas astaíochtaí faoi chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa atá ceangailteach ó thaobh cineáil de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí comhlíontachta ar na hoibreoirí uile atá gníomhach sna hearnálacha ábhartha a chumhdaítear leis an sásra sin. Níor cheart go gcuirfí i mbaol an prionsabal sin le díolúintí spriocdhírithe, trédhearcacha atá infheidhme go ginearálta le haghaidh suiteálacha beaga laistigh d'earnáil ar leith, cosúil leis na tairseacha a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Ba cheart a áirithiú leis an bprionsabal sin gur féidir a mheas go bhfuil cuspóir comhshaoil an tsásra um praghsáil carbóin coibhéiseach a bheag nó a mhór le CTA AE maidir leis an dícharbónú a chothú in earnálacha SCCT. Le praghas carbóin a íoctar iarbhír faoi shásra um praghsáil carbóin, ba cheart an oibleagáid phraghsála chéanna a shocrú maidir leis na hastaíochtaí a scaoiltear chun earraí uile suiteála a tháirgeadh, gan beann ar cheann scríbe na n-earraí. Faoin bprionsabal sin, ní bheadh praghas carbóin a íoctar ar astaíochtaí leabaithe earraí onnmhairithe amháin incháilithe do laghdú ar dhliteanas SCCT.

(14) Ós rud é go bhféadfar cáin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin a thobhach ar chion carbóin breosla a ídíonn suiteáil agus na hastaíochtaí a eascraíonn as sin á scaoileadh le linn tháirgeadh na n-earraí, is iomchuí go bhféadfaidh dearbhóir praghas carbóin a íocadh i gcás na n-astaíochtaí sin a éileamh fiú i gcás nár íoc oibreoir na suiteála an praghas sin go díreach. Sna cásanna sin, ba cheart an ráta a thoibhítear ar bhreosla a bheith comhsheasmhach le fachtóir astaíochta an bhreosla chun a áirithiú go léiríonn an cháin charbóin, an tobhach carbóin nó an ráta táillí carbóin na hastaíochtaí iarbhír arna nginiúint ag an mbreosla sin agus, dá bhrí sin, go léiríonn an praghas carbóin a shanntar do na hastaíochtaí leabaithe na hastaíochtaí iarbhír sin arna nginiúint. Chun a áirithiú nach gcuirfear san áireamh sa phraghas carbóin a íoctar ach cánacha, tobhaigh nó táillí carbóin a chomhlíonann sonraíochtaí Rialachán (AE) 2023/956, ba cheart a léiriú leis an bhfianaise go bhfuil an cháin charbóin, an tobhach carbóin nó an ráta táillí carbóin is infheidhme faoi reachtaíocht an tríú tír bunaithe go sainráite ar chion carbóin an bhreosla.

(15) Chun coibhéis leis an bpraghas carbóin a íoctar faoi CTA AE a áirithiú, ba cheart a mheas go bhfuil creidmheasanna nó aonaid astaíochtaí eile a cheannaítear faoi chóras trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa coibhéiseach le lamháltais a íoctar faoi chóras trádála astaíochtaí.

(16) Ós rud é go bhféadfaidh oibreoirí roghanna comhlíontachta éagsúla a úsáid faoi shásra um praghsáil carbóin, ba cheart a chumhdach leis an bhfianaise ar an bpraghas carbóin a íocadh iarbhír gach cineál rogha comhlíontachta a cheadaíonn údaráis tríú tír, lena n-áirítear praghas seasta arna shocrú ag na húdaráis sin a íoc nó creidmheasanna carbóin a úsáid, bunaithe ar na teorainneacha agus ar na coinníollacha arna socrú faoin sásra um praghsáil carbóin.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun astaíochtaí atá leabaithe in earraí a ríomh (IO L, 2025/2547, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2547/oj).

([4]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

(17) I gcás ina gceadaítear creidmheasanna carbóin a cheannach i ngeall ar an oibleagáid praghas carbóin a íoc, ar creidmheasanna carbóin iad arb é i aidhm dóibh astaíochtaí GCT a laghdú nó deireadh a chur leo, is iomchuí cead a bheith ag an dearbhóir laghdú a éileamh ar bhonn na fianaise ar phraghas an charbóin a íocadh iarbhír i gcás na gcreidmheasanna carbóin sonracha a úsáideadh chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann an laghdú sin a éileamh gan beann ar cé acu a dhéantar na gníomhaíochtaí maolaithe a bhaineann leis an gcreidmheas carbóin sa bhaile nó lasmuigh den dlínse intíre. Chun a aithint go hiomlán go gcuireann formhór na sásraí um praghsáil carbóin ar chumas oibreoirí cuid dá n-oibleagáid a chomhlíonadh trí chreidmheasanna carbóin a cheannach le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe intíre agus arna n-eisiúint faoi na caighdeáin a roghnaítear ar bhonn intíre, níor cheart aon chritéar cáilíochtúil ná cainníochtúil breise a fhorchur ar an bhfianaise ar íocaíocht iarbhír. Chun a áirithiú go bhfuil an t-éileamh ar laghdú ar an bpraghas a íoctar iarbhír ar chreidmheasanna carbóin comhsheasmhach leis an bpraghas atáthar in ann a íoc ar shlí eile faoin sásra um praghsáil carbóin, níor cheart an praghas a íoctar iarbhír ar chreidmheasanna carbóin san éileamh a bheith níos mó ná an praghas carbóin faoi phríomhroghanna comhlíontachta an tsásra um praghsáil carbóin, amhail an meánphraghas margaidh faoi chóras trádála astaíochtaí nó an ráta cánach carbóin is infheidhme.

(18) I gcás ina gceadaítear le sásra um praghsáil carbóin tríú tír creidmheasanna carbóin a ghintear lasmuigh den dlínse intíre a úsáid, ba cheart do na creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta sin na caighdeáin a leagtar síos faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Chuige sin, níor cheart ach an praghas carbóin a íocadh i gcás creidmheasanna arna n-údarú agus arna n-eisiúint faoi Airteagal 6, mír 2 nó faoi Airteagal 6, mír 4 de Chomhaontú Pháras mar thorthaí maolaithe a aistrítear go hidirnáisiúnta a chur san áireamh. Leis an gcritéar sin, ba cheart forbairt chreidmheasanna Airteagal 6 a chur chun cinn agus an dearbhú cáilíochta is gá a sholáthar chun sláine chomhshaoil SCCT a áirithiú. Chun táirgeoirí ó thríú tíortha a spreagadh a n-astaíochtaí féin a laghdú trí na teicneolaíochtaí is éifeachtúla a fhorbairt agus a úsáid, agus chun a áirithiú go saothrófar formhór na n-iarrachtaí dícharbónaithe ar bhonn intíre, ba cheart teorainn a chur le húsáid na gcreidmheasanna carbóin idirnáisiúnta sin chun praghas carbóin a éileamh faoi SCCT. Agus an teorainn sin á socrú ar uasmhéid 10 % de na hastaíochtaí tuairiscithe agus deimhnithe faoin sásra um praghsáil carbóin, cuirfear san áireamh go hiomlán na sásraí um praghsáil carbóin atá ann cheana lena gceadaítear sciar d'oibleagáid chomhlíontachta na n-oibreoirí a chomhlíonadh le creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta.

(19) Ba cheart lacáiste nó cineál eile cúitimh lena laghdaítear go héifeachtach an oibleagáid íoc as na hastaíochtaí a chumhdaítear le sásra um praghsáil carbóin a chur san áireamh. Maidir le haon bheart nó tacaíocht a dheonaítear bunaithe ar pharaiméadar a úsáidtear chun an oibleagáid praghas carbóin a íoc a bhunú agus lena n-íslítear iarbhír an oibleagáid an praghas carbóin a íoc, ba cheart é a mheas mar chúiteamh chun na críche sin. Áirítear leis sin cásanna ina ndíolmhaítear cuid de na hastaíochtaí a chumhdaítear leis an sásra um praghsáil carbóin ó íocaíocht iarbhír, amhail trí lamháltais saor in aisce, astaíochtaí a chumhdaítear le bunlíne déine shocraithe faoi scéim bunlíne agus creidmheasa, astaíochtaí atá díolmhaithe ó phraghas carbóin nó bearta eile lena ndíolmhaítear cuid de na hastaíochtaí ón oibleagáid praghas carbóin a íoc. Ba cheart aon phraghas laghdaithe a dheonaítear nó aon aisíocaíocht ar an bpraghas a íoctar, chomh maith le haon chúiteamh airgeadaíochta a chur san áireamh freisin.

(20) Chun coibhéis leathan a áirithiú leis an gcaoi ar féidir an t-ioncam ó CTA AE a athinfheistiú go páirteach tríd an gCiste don Nuálaíocht sna suiteálacha atá faoi réir CTA AE agus chun cuntas a thabhairt i leith athinfheistiú dlisteanach ioncam ó phraghsanna carbóin chun bearta aeráide a mhaoiniú, níor cheart ioncam ó shásra um praghsáil carbóin a athinfheistítear i ndícharbónú suiteála oibreora a mheas mar chúiteamh ar an bpraghas carbóin a íocadh. Ba cheart feidhm a bheith aige sin ar choinníoll go bhfuil gach oibreoir atá faoi réir an tsásra um praghsáil carbóin incháilithe chun tairbhe a bhaint as an tacaíocht, nach ndéantar aon idirdhealú míchuí idir oibreoirí, gur cinneadh poiblí é cinneadh an údaráis atá freagrach as fóirdheontais a dheonú agus go n-úsáidfear na fóirdheontais iarbhír chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí na suiteála is tairbhí.

(21) Chun a áirithiú go gcinnfear an praghas carbóin atá leabaithe i réamhtheachtaithe ceannaithe ar bhealach comhsheasmhach infhíoraithe, is iomchuí go mbeidh na dearbhuithe a bhaineann leis na réamhtheachtaithe sin bunaithe ar an tuarascáil deimhniúcháin le haghaidh na suiteála a tháirgeann iad. Chun an dearbhú maidir leis an bpraghas carbóin a éascú, i gcás nach gcuireann an soláthróir an tuarascáil deimhniúcháin ar fáil don oibreoir, ba cheart d'oibreoirí a bheith in ann úsáid a bhaint as an bpraghas carbóin réamhshocraithe ábhartha a chuirfeadh an Coimisiún ar fáil de bhun Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2023/956.

(22) Chun cinneadh an phraghais carbóin a íocadh iarbhír i gcás astaíochtaí indíreacha na n-earraí a éascú agus ós rud é go bhfuil tuairisciú astaíochtaí indíreacha mar réamhshocrú bunaithe ar luachanna astaíochtaí réamhshocraithe, is iomchuí go mbeadh oibreoirí in ann úsáid a bhaint as an bpraghas carbóin réamhshocraithe ábhartha a chuirfeadh an Coimisiún ar fáil de bhun Airteagal 9(4) den Rialachán sin.

(23) Chun a áirithiú go ndéanfar praghsanna carbóin a íoctar in airgeadraí eachtracha le haghaidh tréimhse thuairisciúcháin ar leith a chomhshó go comhsheasmhach agus go hoibiachtúil in euro, is iomchuí an comhshó a bhunú ar mheánrátaí malairte bliantúla le haghaidh na tréimhse sin. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún na meánrátaí malairte bliantúla do gach bliain tuairisciúcháin a fhoilsiú faoi thús gach bliana ina dhiaidh sin, ar bhonn na rátaí malairte arna bhfoilsiú don tréimhse sin ag an mBanc Ceannais Eorpach nó, i gcás inarb iomchuí, ag Eurostat.

(24) Chun an laghdú ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh a ríomh, ar laghdú é a chomhfhreagraíonn don phraghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás na n-earraí a dearbhaíodh, is gá praghas tagartha bliantúil deimhnithe SCCT a bhunú. Ba cheart an praghas tagartha bliantúil sin a bheith bunaithe ar phraghas na ndeimhnithe SCCT le linn bhliain an allmhairithe. Ar chúiseanna trédhearcachta agus comhsheasmhachta leis an meánphraghas a íocann dearbhóirí SCCT chun deimhnithe SCCT a cheannach, ba cheart an praghas tagartha sin a bheith bunaithe ar mheánphraghas na ndeimhnithe SCCT a foilsíodh le haghaidh na bliana allmhairiúcháin de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2548 ón gCoimisiún ([5]).

(25) Chun a áirithiú gur féidir an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás na n-earraí a tháirgtear a dheimhniú agus a rianú siar go dtí na sonraí agus na ríomhanna foluiteacha, is iomchuí go ndéanfaidh oibreoir na suiteála a tháirgeann earraí tuarascáil ar phraghas carbóin a tharraingt suas ina leagfar amach na príomhchéimeanna ríomha agus an fhaisnéis a úsáidtear le haghaidh gach earra a tháirgtear. Chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun próiseáil arna déanamh ag daoine neamhspleácha agus ag údaráis inniúla a éascú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le teimpléad leictreonach caighdeánach agus teanga oibre aonair a úsáid le haghaidh na tuarascála sin.

(26) I gcás ina bhfuil oibreoir suiteála i dteideal lacáistí nó cineálacha eile cúitimh ach nach soláthraíonn sé fianaise ar mhéid nó ar leibhéal an chúitimh sin, ní féidir an praghas carbóin a íocadh iarbhír a shuí agus níor cheart é a dheimhniú. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfar roinnt lacáistí agus cineálacha eile cúitimh faoi shásra um praghsáil carbóin a dheonú ag amanna éagsúla tar éis scaoileadh na n-astaíochtaí, lena n-áirítear iad a dheonú tar éis dearbhuithe SCCT a bheith dlite, ba cheart d'oibreoirí a bheith in ann fianaise a chur i láthair maidir le leibhéal nó méid an chúitimh arna bhunú go hoifigiúil ag an údarás ábhartha nó maidir leis an uasleibhéal nó an t-uasmhéid atá dlite. I gcás ina bhfuil oibreoir suiteála atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin i dteideal cineál cúitimh ach gur féidir leis a chruthú, bunaithe ar dheimhniú foirmiúil i scríbhinn ó na húdaráis ábhartha, nár iarr sé é nó gur diúltaíodh don iarraidh, níor cheart an lacáiste sin ná cineál eile cúitimh a chur san áireamh agus an praghas carbóin a íocadh iarbhír á chinneadh.

(27) Chun a áirithiú gur féidir íocaíocht iarbhír praghais carbóin a dheimhniú go hiontaofa ar bhealach atá comhréireach leis an ualach riaracháin, ba cheart fianaise ar an íocaíocht iarbhír a bheith ag brath ar an doiciméadacht a bhíonn ar fáil de ghnáth d'oibreoirí suiteálacha tríú tír atá faoi réir praghas carbóin, agus na cineálacha éagsúla oibleagáidí comhlíontachta á gcur san áireamh. Ba cheart baint a bheith ag fianaise ar an íocaíocht le hastaíochtaí na suiteála a tháirgeann na hearraí agus ba cheart an tréimhse chéanna a chumhdach leis agus a chumhdaítear leis an tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear le haghaidh astaíochtaí leabaithe ag an tsuiteáil a ríomh agus a fhíorú. Ba cheart don dearbhóir an fhianaise ar an íocaíocht iarbhír a choimeád i bhfoirm tuarascáil ar phraghas carbóin arna hullmhú ag an oibreoir, agus arna deimhniú ag an duine neamhspleách a fuair rochtain ar an bpríomhfhianaise is gá arna soláthar ag an oibreoir tríú tír.

(28) Chun a áirithiú gur féidir an praghas carbóin a íoctar iarbhír a dheimhniú ar bhealach iontaofa agus comhréireach ar fud cineálacha éagsúla córas trádála astaíochtaí, ba cheart gurb é a bheadh i bhfianaise ar an bpraghas a íocadh iarbhír meánphraghas bliantúil an mhargaidh, arna ríomh ar bhonn an mheánphraghais cheantála ualaithe, nó mura bhfuil sé sin ar fáil, meánphraghas bliantúil an mhargaidh thánaistigh, mar aon le fianaise na n-aonad comhlíontachta, ar nós lamháltas, arna ngéilleadh ag an oibreoir le haghaidh na n-astaíochtaí comhfhreagracha, mar aon le fianaise na

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2548 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le praghas deimhnithe SCCT a ríomh agus a fhoilsiú (IO L, 2025/2548, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2548/oj).

n-astaíochtaí ina n-iomláine a thuairiscítear agus a dhearbhaítear faoin gcóras trádála astaíochtaí. De rogha air sin, ba cheart oibreoirí a bheith in ann fianaise ar an bpraghas carbóin iomlán a íoctar a bhunú ar phraghas na n-aonad comhlíontachta arna gceannach. Chun deacrachtaí a sheachaint maidir leis na haonaid chomhlíontachta iarbhír a ceannaíodh a rianú chuig na haonaid chomhlíontachta iarbhír a tugadh suas agus chun a chur san áireamh gur féidir leis an oibreoir aonaid chomhlíontachta a cheannach roimh an tréimhse chomhlíontachta, ba cheart an praghas carbóin a bheith bunaithe ar mheán an phraghais ceannaigh le haghaidh na n-aonad comhlíontachta uile a bhí i gclárlann an chórais trádála astaíochtaí de chuid an oibreora ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin ábhartha chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann leis an bhféidearthacht atá ann go dtuairisceodh oibreoirí praghas bunaithe ar na haonaid chomhlíontachta a ceannaíodh, chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht sin comhréireach le cumas an duine neamhspleách an fhianaise ar an bpraghas a íoctar iarbhír a dheimhniú.

(29) I gcás ina bhfuil an praghas sin i bhfoirm cánach, tobhaigh nó táille arna híoc go díreach ag an oibreoir, ba cheart taifid oifigiúla a áireamh san fhianaise, go háirithe ó údaráis chánach nó ó údaráis inniúla eile, agus ba cheart aon éagsúlacht sa cháin, sa tobhach nó sa ráta táillí le linn na tréimhse tuairisciúcháin a léiriú léi.

(30) Chun tacú leis an measúnú a dhéanann an duine neamhspleách ar an gcineál fianaise incháilithe, ba cheart don Choimisiún treoir a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana 2026, agus í a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ina dhiaidh sin chun léiriú de réir tíre ar an bhfianaise dhoiciméadach a d'fhéadfaí a mheas a chomhlíonann na ceanglais fianaise a leagtar amach sa Rialachán seo.

(31) De bhun Rialachán (AE) 2023/956, tá comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin le daoine dlítheanacha a chreidiúnú chun fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí leabaithe arna ríomh ar bhonn luachanna iarbhír. Is gníomhaíocht atá inchomparáide le fíorú é deimhniú an phraghais carbóin a íoctar iarbhír i gcás astaíochtaí leabaithe i raon feidhme SCCT, agus is éard atá ann ná an méid a leanas; athbhreithniú ar raon feidhme na n-astaíochtaí a chumhdaítear faoin sásra um praghsáil carbóin, sannadh astaíochtaí an tsásra um praghsáil carbóin d'earraí SCCT agus cinneadh an phraghais carbóin a íoctar iarbhír d'astaíochtaí leabaithe in earraí SCCT. Tá dlúthbhaint idir deimhniú phraghas an charbóin agus fíorú na n-astaíochtaí leabaithe. Tá sláine agus cáilíocht an deimhnithe ríthábhachtach chun iontaofacht asbhaint an phraghais carbóin a íocadh iarbhír agus iontaofacht an choigeartaithe airgeadais a d'íoc dearbhóirí SCCT údaraithe a áirithiú. Chun a áirithiú gur eintitis a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu a dhéanfaidh an tasc chun an fhianaise ar phraghas carbóin a dheimhniú, ba cheart a cheangal ar na daoine neamhspleácha a dheimhníonn an fhianaise ar phraghas carbóin creidiúnú a fháil le haghaidh raon feidhme creidiúnúcháin a bhaineann le deimhniú an phraghais carbóin a íocadh iarbhír, agus ba cheart a cheangal ar chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a sheiceáil go bhfuil an inniúlacht is gá ag daoine neamhspleácha chun na críche sin. Leis an gcáilíocht sin, méadófar cáilíocht an deimhnithe agus laghdófar an dóchúlacht go ngearrfar pionóis ar dhearbhóirí SCCT údaraithe mar gheall ar líon mícheart deimhnithe SCCT a ghéilleadh de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2023/956. Áiritheofar leis freisin gur féidir le hoibreoirí brath ar an duine céanna chun astaíochtaí leabaithe a fhíorú agus chun an praghas carbóin a dheimhniú, na nósanna imeachta iarratais ar fhíorú agus ar dheimhniú a chuíchóiriú, agus dearadh chlárlann SCCT a shimpliú.

(32) De mhaolú air sin, chun a áirithiú go mbeidh daoine neamhspleácha ar fáil le linn an chéad 2 bhliain faoi réir dheimhniú an phraghais carbóin a íocadh iarbhír agus go mbeidh a ndóthain ama ag comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin measúnú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le creidiúnúchán teicniúil agus creidiúnú a dheonú, ba cheart an deis a thabhairt d'fhíoraitheoirí SCCT ar bhonn sealadach an deimhniú a dhéanamh gan ceangal a bheith orthu creidiúnú a fháil. Léirigh fíoraitheoirí SCCT a n-inniúlacht agus a n-eolas maidir le ceanglais mhodheolaíochta agus fíorúcháin SCCT a chur i bhfeidhm chomh maith lena neamhspleáchas.

(33) Ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí deimhniúcháin arna ndéanamh ag fíoraitheoirí SCCT i gcomhthéacs na féidearthachta sealadaí sin mar chuid den athbhreithniú ar dhearbhuithe SCCT dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/956. I gcás ina bhfuil amhras dlisteanach ar údarás inniúil nó ar an gCoimisiún, ar bhonn an athbhreithnithe ar an obair deimhniúcháin, maidir le cruinneas na tuarascála deimhniúcháin, déanfar stádas an duine neamhspleách a chúlghairm, gan dochar don fhéidearthacht atá ag an bhfíoraitheoir SCCT iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú le comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh, ag deireadh na bliana 2027, ar phróiseas creidiúnúcháin daoine neamhspleácha agus ar infhaighteacht daoine neamhspleácha chun freastal ar an éileamh ar dheimhniú.

(34) Chun caighdeáin is infheidhme go hidirnáisiúnta a chur san áireamh agus chun aon dúbailt neamhriachtanach ar nósanna imeachta a sheachaint, ba cheart aird a thabhairt ar dhea-chleachtais arna bhforbairt trí chur i bhfeidhm na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar dhaoine neamhspleácha caighdeáin chomhchuibhithe áirithe a chomhlíonadh mar chuid dá ngníomhaíocht deimhniúcháin, arna gcomhlánú le ceanglais shonracha bhreise, maidir le deimhniú an phraghais carbóin a íocadh iarbhír.

(35) Chun iontaofacht an deimhnithe a áirithiú, is gá a áirithiú go ndéanfaidh daoine neamhspleácha a gcuid oibre ar bhealach neamhspleách agus go ndéanfaidh siad bearta chun cásanna a sheachaint ina bhféadfaí a neamhspleáchas a chur i mbaol maidir le hoibreoirí suiteálacha tríú tír, údaráis inniúla SCCT, an Coimisiún, na húdaráis inniúla atá freagrach as rialáil an tsásra um praghsáil carbóin sa tríú tír, nó dearbhóirí SCCT údaraithe.

(36) Chun cáilíocht an deimhnithe a áirithiú, ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin measúnú a dhéanamh, mar chuid dá ngníomhaíochtaí creidiúnúcháin agus faireachais, féachaint an bhfuil na ceanglais inniúlachta a bhaineann go sonrach le deimhniú na tuarascála ar phraghas carbóin á gcomhlíonadh ag daoine neamhspleácha, lena n-áirítear baill na foirne deimhniúcháin. Mar chuid dá ngníomhaíochtaí, ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a sheiceáil an bhfaigheann daoine neamhspleácha an fhaisnéis uile is gá chun an deimhniú a dhéanamh agus an ndéanann siad na seiceálacha uile is gá chun na críche sin. Ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a sheiceáil freisin an mbraitheann daoine neamhspleácha ar bhealach iomchuí ar an tuarascáil fíorúcháin maidir le hastaíochtaí leabaithe, ar thuarascálacha deimhniúcháin le haghaidh réamhtheachtaithe a úsáidtear ach nach dtáirgtear tráth na suiteála, agus ar fhianaise arna soláthar ag na húdaráis atá freagrach as an sásra um praghsáil carbóin.

(37) Chun bheith in ann a léiriú go raibh astaíochtaí leabaithe dearbhaithe faoi réir praghas carbóin a íocadh iarbhír, ba cheart don duine neamhspleách rochtain a fháil ar na sonraí is gá. Féadfar cuairt ar an láithreán sna suíomhanna ina ríomhtar an praghas carbóin agus ina stóráiltear an fhianaise ghaolmhar a áireamh sa phróiseas deimhniúcháin, go háirithe nuair nach bhfuil cianrochtain leordhóthanach ar shonraí agus ar fhianaise ar fáil nó nuair atá an riosca go mbeadh míráitis ábhartha ró-ard. Ba cheart don duine neamhspleách fógra a thabhairt don oibreoir faoi aon mhíráiteas nó neamhchomhlíonadh a shainaithnítear ionas gur féidir iad a cheartú. I gcás nach gceartaítear iad, ba cheart don duine neamhspleách a mheas an bhfuil tionchar ábhartha ag míráitis nó neamhchomhlíonadh den sórt sin, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad, ar na sonraí tuairiscithe.

(38) Chun tacú leis an duine neamhspleách a mheas an bhfuil tionchar ábhartha ag míráiteas nó neamhchomhlíonadh ar na hastaíochtaí iomlána a thuairiscítear le haghaidh an tsásra um praghsáil carbóin nó ar an bpraghas carbóin iomlán a shanntar d'earra, is iomchuí leibhéal ábharthachta a chinneadh lena léirítear an chothromaíocht idir castacht agus úrnuacht chúraimí deimhniúcháin SCCT agus cruinneas na ríomhanna. Chun sineirgí agus cineálacha cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le hastaíochtaí leabaithe a fhíorú, ba cheart an céatadán a shocraítear don leibhéal ábharthachta a ailíniú leis an gcéatadán is infheidhme faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2546 ón gCoimisiún ([7]).

(39) Leis an deimhniú, ba cheart dearbhú réasúnach a thabhairt nach bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bpraghas carbóin a thuairiscítear i dtuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin agus gur féidir brath ar thuarascáil an oibreora, chun iontaofacht asbhaint an phraghais carbóin a íocadh iarbhír a áirithiú. Chuige sin, ba cheart do dhaoine

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2546 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal chun astaíochtaí leabaithe dearbhaithe a fhíorú de bhun Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2546, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2546/oj).

neamhspleácha tuarascáil deimhniúcháin a eisiúint atá mionsonraithe go leor chun é a chur ar a chumas don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a sheiceáil go ndearnadh an deimhniú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme. Ba cheart don duine neamhspleách doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach a choimeád freisin ina bhfuil an fhaisnéis is gá maidir leis na gníomhaíochtaí deimhniúcháin a dhéantar.

(40) Chun a áirithiú nach gcreidiúnófar ach iarratasóirí a bhfuil an inniúlacht agus an t-eolas is gá acu chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a dheimhniú, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le hiarratais ar chreidiúnú a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu.

(41) Chun dúbailt próiseas agus ualach riaracháin iomarcach a sheachaint agus stóinseacht an phróisis creidiúnúcháin á coinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart daoine dlítheanacha atá creidiúnaithe cheana féin le haghaidh grúpa ábhartha gníomhaíochtaí faoi SCCT de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 ón gCoimisiún ([8]) nó faoi CTA AE de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ([9]) a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar raon feidhme a gcreidiúnaithe a leathnú go deimhniú an phraghais carbóin a íocadh iarbhír.

(42) Chun a áirithiú go leanfaidh daoine neamhspleácha de na ceanglais cháilíochta is infheidhme a chomhlíonadh, ba cheart na gníomhaíochtaí faireachais a bheidh le déanamh ag comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a shonrú sna rialacha. I gcás ina léirítear le faireachas nach gcomhlíonann duine neamhspleách na ceanglais sin a thuilleadh, ba cheart bearta riaracháin iomchuí a bheith ar fáil do chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin, amhail raon feidhme an chreidiúnúcháin a chur ar fionraí, a tharraingt siar nó a laghdú, chun sláine an chórais creidiúnúcháin a chosaint.

(43) Ar mhaithe le taithí phraiticiúil a fháil san obair dheimhniúcháin a dhéantar i dtríú tíortha faoin Rialachán seo, lena n-áirítear taithí maidir leis na sásraí um praghsáil carbóin is infheidhme agus lacáistí nó cineálacha eile cúitimh, comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin nár oscail creidiúnú go fóill chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a dheimhniú, féadfaidh siad, le linn an chéad 2 bhliain faoi réir dheimhniú an phraghais carbóin a íocadh iarbhír, gníomhaíochtaí breathnóireachta na bhfíoraitheoirí SCCT atá creidiúnaithe acu a dhéanamh. Níor cheart gníomhaíochtaí breathnóireachta den sórt sin a mheas mar ghníomhaíocht chreidiúnúcháin agus níor cheart comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a mheas mar chomhlachtaí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an obair dheimhniúcháin.

(44) Foráiltear le Rialachán (AE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) go dtabharfaidh na húdaráis náisiúnta aitheantas do choibhéis na seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a ndearnadh meastóireacht piaraí orthu go rathúil, agus go nglacfaidh siad le deimhnithe creidiúnúcháin agus tuarascálacha deimhniúcháin arna n-eisiúint ag daoine neamhspleácha arna gcreidiúnú ag na comhlachtaí sin. Chun dúbailt neamhriachtanach ar mheasúnuithe a sheachaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, maidir le comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin ar éirigh leo cheana féin dul faoi mheastóireacht piaraí den sórt sin nó ar chuir siad tús léi chun críoch Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a thoimhdiú go gcomhlíonann siad na ceanglais nós imeachta ábhartha agus níor cheart a cheangal orthu dul faoi mheastóireacht piaraí nua faoin Rialachán seo.

(45) Chun a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin maoirseacht éifeachtach ar dhaoine neamhspleácha, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le malartú faisnéise idir daoine neamhspleácha agus na comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a chreidiúnaigh iad, idir na comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin agus údaráis inniúla na mBallstát, agus idir údaráis inniúla agus an Coimisiún.

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe (IO L, 2025/2551, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2551/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus maidir le creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

(46) Chun a áirithiú go mbeidh faisnéis a bhaineann le clárú daoine neamhspleácha i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210 ([11])ón gCoimisiún iontaofa agus cothrom le dáta, ba cheart rialacha a leagan síos lena gceanglaítear ar chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon chreidiúnú daoine neamhspleácha agus faoi athruithe ar an bhfaisnéis chreidiúnúcháin.

(47) Chun tacú leis an athbhreithniú ar an laghdú ar an líon iomlán deimhnithe SCCT mar gheall ar an bpraghas carbóin a íocadh iarbhír, ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin agus d'údaráis inniúla faisnéis a mhalartú go tréimhsiúil, go háirithe maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe do dhaoine neamhspleácha agus maidir le torthaí na rialuithe a rinneadh ar na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a chomhroinnt leis an gCoimisiún agus le húdaráis inniúla eile trí chlárlann SCCT. Ba cheart do na húdaráis inniúla na comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a chur ar an eolas freisin faoi thorthaí ábhartha an athbhreithnithe ar dhearbhuithe SCCT, trí úsáid a bhaint as teimpléad leictreonach caighdeánach, chun tacú lena ngníomhaíochtaí creidiúnúcháin.

(48) Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

(49) Baineann forálacha an Rialacháin seo leis an meánphraghas bliantúil carbóin a íoctar iarbhír i gcás astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear ón 1 Eanáir 2026. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.

(50) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 29 Iúil 2026.

(51) Athbhreithneofar an Rialachán sin faoi Nollaig 2027 ar a dhéanaí. Ba cheart don Choimisiún gach iarracht is gá a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar liosta na sásraí um praghsáil carbóin d'fhonn an oiread sásraí um praghsáil carbóin agus is féidir a chumhdach.

(52) Níor thug Coiste SCCT aon tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag a Chathaoirleach síos, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]),

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárlann SCCT (IO L , 2024/3210, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3210/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([13]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha mionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás astaíochtaí leabaithe gach earra a chinneadh, agus praghsanna carbóin réamhshocraithe bliantúla a úsáid le haghaidh réamhtheachtaithe agus astaíochtaí indíreacha;

(b) praghsanna carbóin arna sloinneadh in airgeadra eachtrach a chomhshó go euro, ag an meánráta malairte bliantúil;

(c) ríomh an laghdaithe ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh;

(d) an fhianaise is gá chun a léiriú gur íocadh an praghas carbóin iarbhír;

(e) na bealaí ina bhfuil lacáistí nó cineálacha eile cúitimh lena laghdaítear an praghas carbóin a íoctar iarbhír le cur san áireamh agus an praghas carbóin sin á chinneadh;

(f) cáilíochtaí an duine neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2023/956 a dheimhníonn an fhianaise dá dtagraítear in Airteagal 7 ('an duine neamhspleách') agus na coinníollacha chun cáilíochtaí agus neamhspleáchas an duine sin a fhionnadh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2546, in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551, cé is moite de phointí (3), agus (8) go (12), agus in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(1) ciallaíonn 'duine neamhspleách' duine dlítheanach a dheimhníonn an tuarascáil ar an bpraghas carbóin;

(2) ciallaíonn 'deimhniúchán' na gníomhaíochtaí a dhéanann duine neamhspleách, faoi chuimsiú na nósanna imeachta deimhniúcháin a leagtar síos sa Rialachán seo agus an chaighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1, chun tuarascáil deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19 a eisiúint;

(3) ciallaíonn 'sásra um praghsáil carbóin' cáin charbóin, táille charbóin nó tobhach carbóin, nó córas trádála astaíochtaí;

(4) ciallaíonn 'raon feidhme an chreidiúnúcháin' grúpa gníomhaíochta SCCT dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a bhfuil creidiúnú á lorg ina leith nó ar deonaíodh creidiúnú ina leith.

(5) ciallaíonn 'córas trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa' an cineál córais trádála astaíochtaí ina mbunaítear bonnlíne mar theorainn astaíochtaí nach bhfuil aon phraghas carbóin dlite fúithi, agus ina n-eisítear creidmheasanna astaíochtaí intrádála d'eintitis a astaíonn níos lú ná an bhunlíne, agus i gcás nach mór d'eintitis a astaíonn níos mó ná an bhunlíne creidmheasanna astaíochtaí a cheannach;

(6) ciallaíonn 'dearbhú réasúnta' ardleibhéal dearbhaithe nach dearbhú cinnte é, a chuirtear in iúl go dearfach sa tuairim maidir leis an deimhniú, maidir le cé acu atá tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin saor ó mhíráiteas ábhartha nó nach bhfuil;

(7) ciallaíonn 'leibhéal dearbhaithe' an méid dearbhaithe a sholáthraíonn an duine neamhspleách maidir leis an tuarascáil deimhniúcháin ar bhonn an chuspóra an riosca deimhniúcháin a laghdú de réir imthosca an tsannacháin deimhniúcháin;

(8) ciallaíonn 'míráiteas' neamhghníomh, mífhaisnéis nó earráid i dtuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin;

(9) ciallaíonn 'míráiteas ábhartha' míráiteas a sháraíonn, ina aonar nó nuair a chomhiomlánaítear é le míráitis eile, an tairseach ábharthachta nó a d'fhéadfadh, i bhfianaise bhreithiúnas saineolach an duine neamhspleách, mar gheall ar a mhéid agus a chineál, tionchar a imirt ar an bpraghas iarbhír carbóin iomlán a thuairiscítear nó ar fhaisnéis ábhartha eile;

(10) ciallaíonn 'tairseach ábharthachta' an tairseach chainníochtúil nó an scoithphointe ar os a cionn a mheasann an duine neamhspleách gur míráitis ábhartha iad míráitis, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile;

(11) ciallaíonn 'príomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT' iniúchóir atá i gceannas ar an bhfoireann deimhniúcháin a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, agus atá freagrach as deimhniú a dhéanamh ar thuarascáil oibreora ar phraghas carbóin agus as tuairisciú a dhéanamh ar an bhfíorú sin;

(12) ciallaíonn 'iniúchóir deimhniúcháin SCCT' ball d'fhoireann deimhniúcháin atá freagrach as deimhniú a dhéanamh ar thuarascáil oibreora ar phraghas carbóin;

(13) ciallaíonn 'aonad le haghaidh comhlíonadh' lamháltas nó creidmheas a eisítear faoi chuimsiú córas rialáilte trádála astaíochtaí agus a úsáidtear chun oibleagáidí comhlíontachta faoin gcóras sin a chomhlíonadh.

CAIBIDIL II

AN PRAGHAS CARBÓIN A ÍOCADH A THIONTÚ INA LAGHDÚ COMHFHREAGRACH AR AN LÍON DEIMHNITHE SCCT ATÁ LE GÉILLEADH

Airteagal 3

An praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás astaíochtaí leabaithe gach earra a chinneadh

1. Cinnfidh an t-oibreoir an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás na n-astaíochtaí leabaithe a sannadh do gach earra arna tháirgeadh ag an tsuiteáil i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a chinneadh, cuirfidh an t-oibreoir san áireamh aon lacáiste nó aon chineál eile cúitimh a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hIarscríbhinn I.

3. Beidh an tréimhse thuairisciúcháin chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a chinneadh mar an gcéanna leis an tréimhse thuairisciúcháin dá dtagraítear sa tuarascáil fíorúcháin de bhun Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2546.

4. I gcás ina bhfuil na hastaíochtaí leabaithe faoi réir sásraí éagsúla um praghsáil carbóin, déanfar na praghsanna carbóin a íocadh iarbhír faoi na sásraí sin a chomhiomlánú le haghaidh gach earra a tháirgeann an tsuiteáil i gcomhréir le pointe 7.3 d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Cineál an tsásra um praghsáil carbóin

1. Is éard a bheidh i sásra an phraghais carbóin faoina n-íoctar an praghas carbóin go héifeachtach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) córas trádála astaíochtaí, lena n-áirítear córas bonnlíne agus creidmheasa; sin nó

(b) cáin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin, i bhfoirm ceachtar díobh seo a leanas:

(1) cáin, tobhach nó táille charbóin bhreosla-bhunaithe, nó

(2) cáin, tobhach nó táille charbóin bhreosla-bhunaithe.

2. Measfar go gcomhlíonann na sásraí praghais carbóin a liostaítear in Iarscríbhinn II an sainmhíniú a shocraítear faoi mhír 1.

3. I gcás nach liostaítear sásra um praghsáil carbóin in Iarscríbhinn II, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an gcomhlíonann an sásra sin an sainmhíniú faoi mhír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, breithneoidh sé an sásra sin a áireamh in Iarscríbhinn II trí athbhreithniú ar an Rialachán seo.

Eagróidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear arna iarraidh sin d'údarás inniúil, malartuithe le húdaráis inniúla d'fhonn faisnéis a chomhroinnt maidir le sásraí um praghsáil carbóin nach liostaítear in Iarscríbhinn II, measúnú a dhéanamh ar fhachtóirí riosca agus ar phointí is díol airde, agus d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha faoin Rialachán seo a áirithiú.

Airteagal 5

Praghsanna carbóin réamhshocraithe a úsáid le haghaidh réamhtheachtaithe agus astaíochtaí indíreacha

1. Chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás astaíochtaí leabaithe réamhtheachtaí a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil a chinneadh, féadfaidh an t-oibreoir, i gcomhréir le pointe 6.2 d'Iarscríbhinn I, úsáid a bhaint as an bpraghas carbóin réamhshocraithe is infheidhme arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2023/956.

2. Chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás astaíochtaí indíreacha earra nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh, féadfaidh an t-oibreoir, i gcomhréir le pointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, úsáid a bhaint as an bpraghas carbóin réamhshocraithe is infheidhme arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2023/956.

Airteagal 6

An praghas carbóin a chomhshó in euro

1. Déanfaidh an t-oibreoir, i gcomhréir le pointe 7.1 d'Iarscríbhinn I, an praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás gach earra arna tháirgeadh ag an tsuiteáil a chomhshó in euro, agus úsáid á baint as an meánráta malairte bliantúil le haghaidh bhliain na tréimhse tuairisciúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3.

2. Chun na críche sin, úsáidfidh an t-oibreoir na meánrátaí malairte bliantúla arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 3.

3. Chun críocha mhír 2, foilseoidh an Coimisiún na meánrátaí malairte bliantúla, trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte arna bhfoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach nó, i gcás inarb iomchuí, ag Eurostat. I gcás nach bhfuil meánráta malairte bliantúil ar fáil le haghaidh airgeadra ar leith, úsáidfidh an Coimisiún an fhaisnéis is iontaofa agus is mó atá ar fáil go poiblí.

Airteagal 7

An laghdú ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh a ríomh

1. I gcás gach earra g, déanfar an laghdú ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh, chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a chur san áireamh, a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$ReductionActualCarbonPrice_g = (€EFF_CP_g / Ref\ \text{Price CBAM}) \times Q_g$$

i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

— Is é is $ReductionActualCarbonPrice_g$ ann an laghdú ar an líon deimhnithe atá le géilleadh chun praghas carbóin a íocadh iarbhír a chur san áireamh;

— Ciallaíonn $€EFF_CP_g$ an praghas carbóin iarbhír, arna shloinneadh in EUR in aghaidh an tona d'earra nó in aghaidh MWh, mar a áirítear sa tuarascáil deimhniúcháin de bhun Airteagal 19;

— Ciallaíonn '*Ref Price CBAM*' praghas tagartha bliantúil na ndeimhnithe SCCT, arna shloinneadh in EUR in aghaidh an tona de CO_2e le haghaidh na bliana allmhairiúcháin;

— Ciallaíonn Q_g cainníocht earra *g* arna dearbhú, arna sloinneadh ina tonaí nó MWh.

2. Maidir le gach earra *g*, déanfar an laghdú ar an líon deimhnithe SCCT atá le géilleadh chun praghas carbóin réamhshocraithe a chur san áireamh, a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$ReductionDefaultCarbonPrice_g = (€DCP \times SEE_g / Ref\ \ Price\ \ CBAM) \times Q_g$$

i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

— Is é is $ReductionDefaultCarbonPrice_g$ ann an laghdú ar an líon deimhnithe atá le géilleadh chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás earra g a thuairiscítear bunaithe ar phraghas carbóin réamhshocraithe a chur san áireamh;

— Ciallaíonn *'€DCP'* an praghas carbóin réamhshocraithe is infheidhme arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2023/956, atá ábhartha don earra, arna shloinneadh in euro in aghaidh an tona de CO_2e;

— Ciallaíonn *SEEg* astaíochtaí leabaithe dearbhaithe an earra, a chomhfhreagraíonn do na sainastaíochtaí leabaithe iarbhír, agus idirdhealú á dhéanamh idir astaíochtaí díreacha, indíreacha agus réamhtheachtacha i gcás inarb ábhartha, nó don luach réamhshocraithe a úsáidtear le haghaidh an earra, arna shloinneadh ina thona de CO_2e in aghaidh an tona nó in aghaidh MWh den earra;

— Ciallaíonn *'Ref Price CBAM'* praghas tagartha bliantúil na ndeimhnithe SCCT, arna shloinneadh in EUR in aghaidh an tona de CO_2e le haghaidh na bliana allmhairiúcháin;

— Ciallaíonn Q_g cainníocht earra *g* arna dearbhú, arna sloinneadh ina tonaí nó MWh.

I gcás ina bhfuil na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe bunaithe ar luachanna iarbhír, beidh feidhm ag an bhfoirmle maidir le gach cuid ábhartha de na hastaíochtaí leabaithe de chuid earra, lena n-áirítear astaíochtaí díreacha, astaíochtaí indíreacha agus astaíochtaí réamhtheachtaithe. Dá réir sin, is éard a bheidh sa laghdú iomlán ar an líon deimhnithe SCCT in aghaidh an earra suim na laghduithe in aghaidh na n-astaíochtaí díreacha, na n-astaíochtaí indíreacha agus na n-astaíochtaí réamhtheachtaithe.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, ríomhfaidh an Coimisiún praghas tagartha bliantúil na ndeimhnithe SCCT mar mheánphraghas na ndeimhnithe SCCT arna bhfoilsiú de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2548 le haghaidh bliain allmhairiúcháin ar leith. Slánófar an meán sin go dtí an cent is gaire.

Foilseoidh an Coimisiún an praghas tagartha bliantúil i gclárlann SCCT.

I gcás nach féidir an praghas tagartha bliantúil a shuí go fóill bunaithe ar phraghsanna ráithiúla nó seachtainiúla na ndeimhnithe SCCT a fhoilsítear le haghaidh bliain allmhairiúcháin ar leith, ríomhfaidh an Coimisiún an praghas tagartha bliantúil mar mheánphraghsanna na ndeimhnithe SCCT a foilsíodh le linn na bliana sin.

CAIBIDIL III

FIANAISE AR AN BPRAGHAS CARBÓIN A ÍOCADH IARBHÍR

Airteagal 8

Tuarascáil ar phraghas carbóin

1. Déanfaidh an t-oibreoir tuarascáil ar phraghas carbóin oibreora a tharraingt suas ar bhonn na modheolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus úsáid á baint as an teimpléad leictreonach arna chur ar fáil ag an gCoimisiún trí chlárlann SCCT agus ina mbeidh ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/956, tarchuirfidh sé tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin chuig an duine neamhspleách tríd an gclárlann sin.

I gcás nach bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT, tarchuirfidh sé tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin chuig an duine neamhspleách ar bhealach iomchuí eile.

3. Déanfaidh an t-oibreoir tuarascáil ar phraghas carbóin an oibreora a tharraingt suas i mBéarla.

Airteagal 9

Lacáistí agus cineálacha eile cúitimh

1. Agus tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin á hullmhú ag an oibreoir, déanfaidh sé ceachtar de na lacáistí nó de na cineálacha eile cúitimh seo a leanas a shainaithint agus a chur san áireamh:

(a) ráta cánach laghdaithe faoi cháin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin;

(b) aon díolúine ón gcumhdach astaíochtaí sa sásra um praghsáil carbóin, lena n-áirítear:

(1) astaíochtaí a bhaineann le lamháltais saor in aisce a fhaigheann an t-oibreoir;

(2) astaíochtaí atá faoi bhun bunlíne déine astaíochtaí faoi chóras trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa; agus

(3) astaíochtaí atá díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na cánach carbóin, an tobhaigh carbóin nó na táille carbóin;

(c) aisíocaíocht i luach airgeadaíochta lena gcúitítear go páirteach nó go hiomlán an praghas carbóin a íocadh;

(d) aon lacáiste nó aon chineál cúitimh eile atá bunaithe ar na paraiméadair a úsáidtear sa mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun an praghas carbóin iarbhír a íoctar ar astaíochtaí leabaithe sonracha a bhunú.

2. Agus na lacáistí nó cineálacha eile cúitimh dá dtagraítear i mír 1 á sainaithint aige, breithneoidh an t-oibreoir ar a laghad na cineálacha lacáistí agus cineálacha eile cúitimh a liostaítear in Iarscríbhinn II.

3. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina dtairbhíonn an tsuiteáil atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin ó fhóirdheontais arna maoiniú leis an ioncam a ghintear leis an sásra um praghsáil carbóin agus arb é is aidhm leis astaíochtaí na suiteála a laghdú, ní chuirfear luach an fhóirdheontais san áireamh mar lacáiste ná mar aon chineál cúitimh eile chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír a shuí, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) Is é cuspóir an fhóirdheontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú mar a shonraítear sa reachtaíocht is infheidhme maidir leis na fóirdheontais nó sa chlár maoiniúcháin lena ndeonaítear na fóirdheontais;

(b) Fíoraítear an laghdú spriocdhírithe ar astaíochtaí na bhfóirdheontas le linn an phróisis iarratais agus tar éis fhíorú na hinfheistíochta;

(c) tá gach suiteáil atá faoi réir an tsásra um praghsáil carbóin incháilithe chun tairbhe a bhaint as na fóirdheontais gan beann ar an bpraghas a íocann gach suiteáil;

(d) ceanglaítear ar gach suiteáil atá incháilithe chun tairbhe a bhaint as na fóirdheontais iarratas a chur isteach chun an fóirdheontas a fháil;

(e) is cinneadh poiblí é cinneadh an údaráis atá freagrach as na fóirdheontais a dheonú do gach suiteáil, agus nochtar méid na bhfóirdheontas go poiblí; agus

(f) mar thoradh ar an bhfóirdheontas a deonaíodh don tsuiteáil, tháinig laghdú ar astaíochtaí na suiteála is tairbhí, nó d'úsáid an tsuiteáil is tairbhí an fóirdheontas chun bearta nithiúla a dhéanamh chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomhréir le cinneadh na n-údarás an fóirdheontas a dheonú.

4. I gcás ina bhfuil oibreoir suiteála atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin i dteideal lacáiste nó cineál eile cúitimh ach nach bhfuil an t-oibreoir in ann fianaise a sholáthar maidir le méid an lacáiste nó an chineáil eile cúitimh atá le hasbhaint, ní bheidh an t-oibreoir i dteideal aon asbhainte ón bpraghas carbóin a íoctar iarbhír.

Mar sin féin, i gcás ina bhfuil oibreoir suiteála atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin i dteideal lacáiste nó cineál eile cúitimh a bhfuil a mhéid socraithe go hoifigiúil ag an údarás ábhartha, nó ar féidir leis an duine neamhspleách a uasmhéid a fhionnadh, ach nach bhfuil faighte fós ag an oibreoir, déanfar méid an lacáiste arna bhunú go hoifigiúil nó uasmhéid an lacáiste nó an chineáil eile cúitimh atá dlite a chur san áireamh chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a shuí.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil oibreoir suiteála atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin i dteideal lacáiste nó cineál eile cúitimh ach inar féidir leis a chruthú, bunaithe ar dheimhniú foirmiúil i scríbhinn ó na húdaráis ábhartha, nár iarr sé é, nó gur diúltaíodh don iarraidh, ní chuirfear an lacáiste sin ná an cineál eile cúitimh sin san áireamh chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a chinneadh.

CAIBIDIL IV

CÁILÍOCHTAÍ AN DUINE NEAMHSPLEÁCH AGUS COINNÍOLLACHA CHUN A CHÁILÍOCHTAÍ AGUS A NEAMHSPLEÁCHAS A FHIONNADH

ROINN 1

cáilíochtaí agus neamhspleáchas daoine neamhspleácha

Airteagal 10

Cáilíochtaí daoine neamhspleácha

1. Chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe a dheimhniú i gcomhréir le Roinn 2 den Chaibidil seo, agus chun críocha Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2023/956, déanfar an duine neamhspleách a chreidiúnú le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a bhaineann le deimhniú an phraghais carbóin a íoctar iarbhír agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Comhlíonfaidh an duine neamhspleách na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO/IEC 17029:2019, Measúnú comhréireachta – Prionsabail agus riachtanais ghinearálta do chomhlachtaí bailíochtaithe agus fíordheimhnithe ([15]).

2. Beidh an duine neamhspleách, nó aon chuid den eintiteas dlítheanach céanna, neamhspleách ar na daoine seo a leanas:

(a) an t-oibreoir atá faoi réir an deimhnithe;

(b) an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2023/956;

(c) an Coimisiún; agus

(d) aon údarás inniúil de chuid an tríú tír, atá freagrach as sásra um praghsáil carbóin a rialáil nó a mhaoirsiú ar a bhfuil cinneadh an phraghais carbóin a íocadh iarbhír bunaithe.

3. Léireoidh an duine neamhspleách a inniúlacht leanúnach, agus é sin a léiriú don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin freisin, agus áiritheoidh sé go léireoidh an príomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT freagrach agus na hiniúchóirí deimhniúcháin SCCT freagracha a n-inniúlacht, maidir le measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise ar phraghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe agus maidir leis na ceanglais a leagtar síos i Roinn 2 a chur i bhfeidhm.

Agus a inniúlacht leanúnach á léiriú aige, áiritheoidh an duine neamhspleách go gcomhlíonfaidh príomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT agus iniúchóirí deimhniúcháin SCCT na ceanglais seo a leanas:

(a) eolas ar na ceanglais agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le creidiúnú, ar ghníomhaíochtaí deimhniúcháin agus ar ríomh agus sannadh an phraghais carbóin de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, agus reachtaíocht, caighdeáin chomhchuibhithe agus treoirlínte eile is infheidhme;

(b) an cumas na gníomhaíochtaí a bhaineann le deimhniú tuarascála oibreora ar phraghas carbóin a dhéanamh mar a cheanglaítear leis an roinn seo;

(c) eolas agus tuiscint ar na gnéithe teicniúla earnáilsonracha den fhaireachán agus den tuairisciú atá ábhartha don ghrúpa gníomhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) eolas agus tuiscint ar chur i bhfeidhm agus ar shannadh sonraí maidir le praghas carbóin i gcás sainastaíochtaí leabaithe;

Ina theannta sin, áiritheoidh an duine neamhspleách go mbeidh eolas ag an bhfoireann deimhniúcháin ar an reachtaíocht maidir leis an sásra um praghsáil carbóin agus eolas ar cheanglais maidir le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh is infheidhme maidir leis an sásra um praghsáil carbóin a bhfuil an t-oibreoir faoina réir.

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1835 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le creidiúnú agus measúnú comhréireachta (IO L 408, 4.12.2020, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1835/oj).

Airteagal 11

Cáilíocht shealadach le haghaidh na dtréimhsí tuairiscithe 2026 agus 2027

1. De mhaolú ar Airteagal 10, mír 1, chun na tuarascálacha maidir le praghsanna carbóin a dheimhniú le haghaidh na dtréimhsí tuairisciúcháin 2026 agus 2027, féadfaidh fíoraitheoir atá creidiúnaithe de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 le haghaidh an ghrúpa ábhartha gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a roghnú a bheith ina dhuine neamhspleách freisin.

Chuige sin, cuirfidh an fíoraitheoir iarraidh faoi bhráid an údaráis inniúil trí chlárlann SCCT chun go sannfar dó ról iarrtha an duine neamhspleách. Mar chuid dá iarraidh, deimhneoidh an fíoraitheoir go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

Ar bhailíochtú a iarrata dó, tabharfaidh an fíoraitheoir fógra don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a dheonaigh an creidiúnú de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551.

2. Comhlíonfaidh an duine neamhspleách dár sannadh an ról sin de bhun mhír 1 na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus an caighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1, lena n-áirítear na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht leanúnach.

3. An duine neamhspleách dár sannadh an ról sin de bhun mhír 1, scoirfidh sé de bheith ina dhuine neamhspleách faoin 30 Meán Fómhair 2028, agus scriosfar a ról go huathoibríoch i gclárlann SCCT, mura rud é gur deonaíodh creidiúnú dó le haghaidh an ghrúpa gníomhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

I gcás inar deonaíodh creidiúnú don duine neamhspleách le haghaidh an ghrúpa gníomhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210, an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

4. Roimh an 30 Meán Fómhair 2028, féadfaidh an duine neamhspleách dár sannadh an ról sin de bhun mhír 1 iarraidh a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, trí chlárlann SCCT, chun an ról a deonaíodh faoin gcéad mhír a chúlghairm.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil an ról a deonaíodh faoin gcéad mhír a chúlghairm sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé iarrtha ag an duine neamhspleách go ndéanfaí a ról mar dhuine neamhspleách a chúlghairm de bhun mhír 4;

(b) an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a cuireadh ar fionraí nó a tharraing siar an creidiúnú de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551;

(c) ar fhógra a fháil ó údarás inniúil nó ón gCoimisiún a mheasann, mar chuid dá n-athbhreithniú ar dhearbhuithe SCCT de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2023/956 agus ar an obair a rinne an duine neamhspleách, go bhfuil amhras dlisteanach ann maidir le cruinneas na tuarascála deimhniúcháin arna heisiúint ag an duine neamhspleách.

6. Beidh cúlghairm ról an duine neamhspleách de bhun mhír 4 gan dochar don chreidiúnú de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 nó don Rialachán seo.

ROINN 2

Oibleagáidí agus ceanglais oibríochtúla daoine neamhspleácha

Airteagal 12

Raon feidhme mheasúnú an duine neamhspleách ar an tuarascáil ar phraghas carbóin

Le linn an deimhniúcháin, déanfaidh an duine neamhspleách measúnú le dearbhú réasúnta, féachaint:

(a) an bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin iomlán agus an gcomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III;

(b) ar ghníomhaigh an t-oibreoir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956 agus Caibidlí II agus III den Rialachán seo;

(c) ar íocadh praghas carbóin iarbhír i gcás na sainastaíochtaí leabaithe a leagtar síos i dtuarascáil fhíoraithe an oibreora maidir le hastaíochtaí;

(d) i gcás inarb infheidhme, an bhfuarthas aon lacáiste nó aon chineál eile cúitimh i ndáil le sainastaíochtaí leabaithe;

(e) an bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin saor ó mhíráitis ábhartha.

Chun críocha phointe (e), gheobhaidh an duine neamhspleách fianaise shoiléir oibiachtúil ón oibreoir chun tacú leis na sonraí maidir le praghas carbóin, agus an fhaisnéis uile a áirítear san fhianaise ar phraghas carbóin a íocadh á cur san áireamh, sonraí maidir le praghas carbóin a shannadh do shainastaíochtaí leabaithe a áirítear i dtuarascáil fhíoraithe astaíochtaí an oibreora agus an fhianaise ar lacáistí nó ar chineálacha eile cúitimh a fuarthas a bhaineann le sainastaíochtaí leabaithe.

Airteagal 13

Faisnéis atá le hiarraidh ar oibreoirí

1. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin saor ó mhíráitis ábhartha nó nach bhfuil, agus cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an tuarascáil an Rialachán, gheobhaidh an duine neamhspleách an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ón oibreoir mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin don duine neamhspleách mar thoradh ar phróiseas fíorúcháin i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/956:

(a) an leagan is déanaí de phlean faireacháin an oibreora, arna mhionsaothrú i gcomhréir le pointe A.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(b) doiciméadacht ábhartha nó tuairisc ar an tsuiteáil, ar na nósanna imeachta agus na próisis nó ar na sreabhchairteacha a ullmhaítear agus a choinnítear ar bun lasmuigh den phlean faireacháin, lena n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíochtaí sreafa sonraí an oibreora, agus ar a chóras rialaithe;

(c) más infheidhme, taifead ar na hathruithe uile a rinneadh ar an tsuiteáil, athruithe ar an bplean faireacháin agus athruithe a dhéanann difear do shonraí maidir le praghas carbóin ó rinneadh an deimhniú deireanach;

(d) tuarascáil an oibreora maidir le hastaíochtaí de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus an tuarascáil fíorúcháin chomhfhreagrach de bhun phointe 2.17 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551, le haghaidh na tréimhse thuairisciúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3, den Rialachán seo;

(e) tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin le haghaidh na tréimhse tuairisciúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3);

(f) an tuarascáil deimhniúcháin don tréimhse thuairisciúcháin roimh an tréimhse thuairisciúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3, mura mbeidh sí deimhnithe ag an duine neamhspleách céanna;

(g) más infheidhme, tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin agus an tuarascáil deimhniúcháin chomhfhreagrach a bhaineann le réamhtheachtaithe a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil;

(h) tuarascáil an oibreora maidir le hastaíochtaí faoin sásra um praghsáil carbóin nó faisnéis eile ina luaitear na hastaíochtaí a chumhdaítear leis an bpraghas carbóin agus, más infheidhme, an tuarascáil fíorúcháin chomhfhreagrach nó an comhfhreagras ábhartha leis an údarás atá freagrach as na hastaíochtaí tuairiscithe faoin sásra um praghsáil carbóin a dheimhniú;

(i) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoin gcaoi ar cheartaigh an t-oibreoir neamh-chomhlíonadh an Rialacháin seo nó faoin gcaoi ar thug sé aghaidh ar mholtaí maidir le feabhsúchán a tuairiscíodh sa tuarascáil deimhniúcháin maidir leis an tréimhse thuairisciúcháin roimh an tréimhse thuairisciúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3;

(j) fianaise ar an bpraghas carbóin a íocadh de bhun roinn 3.5 d'Iarscríbhinn I;

(k) fianaise ar aon lacáiste is infheidhme nó ar aon chineál eile cúitimh de bhun Airteagal 9, agus roinn 3.5 agus roinn 5.3 d'Iarscríbhinn I, agus ar a laghad an méid seo a leanas:

  (1) an leibhéal nó an luach faoi gach lacáiste nó gach cineál eile cúitimh;

  (2) go gcomhlíonann na fóirdheontais dá dtagraítear in Airteagal 9, mír 3, na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin;

  (3) aon mhaolú is infheidhme de bhun Airteagal 9, mír 4, fomhíreanna 2 agus 3;

(l) fianaise ar an tréimhse thuairisciúcháin is infheidhme agus sonraí maidir le praghas carbóin a shannadh d'earraí i gcomhréir le roinn 4.3 d'Iarscríbhinn I;

Soláthróidh an t-oibreoir an fhaisnéis a iarradh don duine neamhspleách.

2. Cuirfidh an t-oibreoir an tuarascáil chríochnaitheach ar an bpraghas carbóin arna húdarú agus arna bailíochtú go hinmheánach faoi bhráid an duine neamhspleách. Ní eiseoidh an duine neamhspleách an tuarascáil deimhniúcháin ach amháin má tá an tuarascáil sin faighte ag an duine neamhspleách.

Airteagal 14

Deimhniú sonraí maidir leis an bpraghas carbóin a íocadh iarbhír

1. Deimhneoidh an duine neamhspleách na sonraí is gá chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe a chinneadh trí mheasúnú a dhéanamh ar shannadh sonraí maidir le praghas carbóin agus trí thástáil mhionsonraithe ar na sonraí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí na sonraí a rianú siar go dtí an phríomhfhoinse sonraí, sonraí a chros-seiceáil le foinsí sonraí seachtracha, réitigh a dhéanamh, tairseacha maidir le sonraí iomchuí a sheiceáil agus athríomhanna a dhéanamh.

2. Mar chuid den deimhniú sonraí dá dtagraítear i mír 1, seiceálfaidh an duine neamhspleách na gnéithe seo a leanas ar a laghad agus, i gcás ina léirítear míráitis nó neamh-chomhlíonadh leis na seiceálacha sin, gníomhóidh sé i gcomhréir le hAirteagal 17:

(a) cibé acu atá nó nach bhfuil an sásra um praghsáil carbóin nó na sásraí um praghsáil carbóin a liostaítear sa tuarascáil ar phraghas carbóin ina sásra um praghsáil carbóin a chomhlíonann na coinníollacha in Airteagal 4;

(b) an raibh na hastaíochtaí leabaithe faoi réir praghas carbóin ó shásra um praghsáil carbóin agus, más infheidhme, an bhfuarthas lacáistí nó cineálacha eile cúitimh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an sásra sin um praghsáil carbóin;

(c) an bhfuil dóthain fianaise ann, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I, maidir le praghas carbóin a íocadh agus lacáistí nó cineálacha eile cúitimh a fuarthas;

(d) ar cuireadh sannadh sonraí maidir le praghas carbóin do gach earra i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(e) bailíocht na faisnéise a úsáidtear chun sonraí maidir le praghas carbóin agus lacáistí nó cúiteamh eile a fhaightear a shannadh do na hastaíochtaí leabaithe fíoraithe a tuairiscíodh;

(f) fianaise ar an bpraghas carbóin a íocadh agus lacáistí nó cineál eile cúitimh a fuarthas i ndáil leis na hastaíochtaí tuairiscithe iomlána faoin sásra um praghsáil carbóin;

(g) i gcás ina bhfuil na sonraí maidir le praghas carbóin bunaithe ar chóras trádála astaíochtaí, comhsheasmhacht astaíochtaí an oibreora arna dtuairisciú agus arna ndearbhú faoin gcóras trádála astaíochtaí sin le fianaise ar aonaid chomhlíontachta chomhfhreagracha a géilleadh faoin gcóras trádála astaíochtaí sin;

(h) i gcás ina bhfuil na sonraí maidir le praghas carbóin bunaithe ar chóras trádála astaíochtaí agus inar leithdháileadh lamháltais saor in aisce, comhsheasmhacht chainníocht na lamháltas sin a leithdháileadh saor in aisce agus cinntí rialála inar eisíodh na lamháltais sin chuig an oibreoir;

(i) i gcás ina bhfuil na sonraí maidir le praghas carbóin bunaithe ar chóras trádála astaíochtaí agus ina bhfuil an praghas carbóin bunaithe ar aonaid aonair chomhlíontachta a ceannaíodh nó ar phraghas seasta a gceannaítear aonaid chomhlíontachta ina aghaidh, an fhianaise ar chainníocht na n-aonad comhlíontachta a ceannaíodh agus praghas a gceannaithe i dtaifid airgeadais an oibreora;

(j) i gcás ina ngéilltear aonaid le haghaidh comhlíonadh faoin gcóras trádála astaíochtaí nó faoi cháin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin chun oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh, an gcomhlíonann na haonaid sin le haghaidh comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(k) i gcás ina bhfuil na sonraí maidir le praghas carbóin bunaithe ar cháin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin, an chomhsheasmhacht idir cainníocht na n-astaíochtaí ó earraí nó ó bhreosla atá faoi réir cáin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin agus an fhianaise ar an gcáin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin a íocadh iarbhír ar na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear comhaontuithe conarthacha le soláthróirí breosla, sonraisc agus fianaise rialála maidir leis an gcáin, tobhach nó táille a íocadh;

(l) an chomhsheasmhacht idir na lacáistí iomlána nó cineálacha eile cúitimh a thuairiscítear agus fianaise thacaíochta, agus an chomhsheasmhacht idir na hastaíochtaí sannta faoin sásra um praghsáil carbóin agus na hastaíochtaí leabaithe i dtuarascáil an oibreora maidir le hastaíochtaí.

Airteagal 15

Coinníollacha maidir le spleáchas an duine neamhspleách ar fhíorú seachtrach agus ar dheimhniú seachtrach chun sonraí maidir le praghas carbóin a shannadh

1. Chun sannadh ceart sonraí maidir le praghas carbóin d'astaíochtaí leabaithe a sheiceáil, deimhneoidh an duine neamhspleách go gcomhlíonann an tuarascáil fíorúcháin arna soláthar ag an oibreoir de bhun Airteagal 13, mír 1, pointe (d), na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tráth a eisíodh an tuarascáil fíorúcháin, bhí an t-eintiteas a rinne na gníomhaíochtaí fíorúcháin ina fhíoraitheoir ag a raibh deimhniú creidiúnúcháin bailí, ina raibh raon feidhme an chreidiúnúcháin is gá chun an fíorú a dhéanamh agus nach raibh feidhm ag aon bheart riaracháin ina leith de bhun Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551;

(b) an ráiteas tuairime atá sa tuarascáil fíorúcháin, tugann sé le fios gur fíoraíodh gur tuarascáil shásúil í tuarascáil an oibreora maidir le hastaíochtaí;

(c) cumhdaítear leis an tuarascáil fíorúcháin an tréimhse thuairisciúcháin inar táirgeadh na hearraí atá faoi réir dheimhniú an phraghais carbóin.

I gcás nach féidir leis an duine neamhspleách a dheimhniú go gcomhlíonann an tuarascáil fíorúcháin na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír, ní dheimhneoidh an duine neamhspleách tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin.

2. I gcás ina sanntar sonraí deimhnithe maidir le praghas carbóin d'astaíochtaí leabaithe réamhtheachtaí a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil, ní chuirfidh an duine neamhspleách san áireamh an fhaisnéis a leagtar síos i dtuarascáil deimhniúcháin na suiteála a tháirgeann an réamhtheachtaí ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tráth a eisíodh an tuarascáil deimhniúcháin, ba dhuine neamhspleách é an t-eintiteas a rinne an deimhniú a raibh deimhniú creidiúnúcháin bailí aige, ina raibh raon feidhme an chreidiúnúcháin is gá chun an deimhniú a dhéanamh ar an bpraghas carbóin a íocadh iarbhír agus nach ndearnadh aon bheart riaracháin de bhun Airteagal 27 a chur i bhfeidhm ina leith;

(b) an ráiteas tuairime atá sa tuarascáil deimhniúcháin, tugann sé le fios gur deimhníodh gur tuarascáil shásúil í tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin;

(c) le tuarascáil deimhniúcháin na suiteála ina dtáirgtear an réamhtheachtaí, cumhdaítear an tréimhse thuairisciúcháin chéanna leis an tréimhse a shonraítear sa tuarascáil fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1.

I gcás nach féidir leis an duine neamhspleách an fhaisnéis a leagtar síos i dtuarascáil deimhniúcháin na suiteála a tháirgeann an réamhtheachtaí a chur san áireamh, féadfaidh an duine neamhspleách a iarraidh ar an oibreoir an praghas carbóin réamhshocraithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5 a chur i bhfeidhm don réamhtheachtaí sin.

3. Chun bailíocht na faisnéise a úsáidtear chun sonraí maidir le praghas carbóin a shannadh dá dtagraítear in Airteagal 14, mír 2, pointe (e), a sheiceáil, braithfidh an duine neamhspleách ar na hastaíochtaí praghais carbóin agus ar na sonraí maidir le praghas carbóin mar a thuairiscítear agus mar a dheimhnítear faoin sásra ábhartha um praghsáil carbóin i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas, ag brath ar chineál an tsásra um praghsáil carbóin:

(a) i gcás ina n-éilíonn sásra um praghsáil carbóin meastóireacht tríú páirtí ar na hastaíochtaí ó phraghsanna carbóin, comhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) déanann eintiteas neamhspleách arna údarú ag an rialtóir nó arna chreidiúnú ag comhlacht creidiúnúcháin tríú tír chun an fíorú sin a dhéanamh, na hastaíochtaí tuairiscithe a fhíorú, i gcomhréir le caighdeáin aitheanta is infheidhme maidir le fíorú gás ceaptha teasa;

(2) go bhfuil deimhniú bailí údaraithe nó creidiúnúcháin ag an duine nó ag an eintiteas a rinne meastóireacht neamhspleách ar na sonraí astaíochtaí tuairiscithe agus nach ndéantar an t-údarú nó an creidiúnú a tharraingt siar ná a chur ar fionraí tráth eisiúint an ráitis tuairime maidir leis an bhfíorú;

(3) meastar go bhfuil na sonraí astaíochtaí tuairiscithe sásúil agus deimhnítear leis an meastóireacht chomhfhreagrach go gcumhdaítear le raon feidhme na meastóireachta na sruthanna sonraí ábhartha uile.

(b) i gcás ina gceanglaítear leis an sásra um praghsáil carbóin go ndéanfaidh an t-údarás atá freagrach as bainistiú an chórais seiceáil in ionad fíoraithe, soláthraíonn an t-oibreoir teachtaireacht fhoirmiúil maidir le glacadh ón údarás inniúil lena ndeimhnítear go ndearnadh seiceáil den sórt sin agus gur glacadh leis an tuarascáil maidir le hastaíochtaí.

I gcás nach féidir leis an duine neamhspleách na sonraí astaíochtaí a chur san áireamh i gcomhréir leis an bhfomhír seo, deimhneoidh an duine neamhspleách go bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin míshásúil i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 1, pointe (b).

Airteagal 16

Rochtain ar na sonraí is gá

Déanfaidh an duine neamhspleách agallaimh agus tabharfar rochtain dó ar na sonraí is gá chun faisnéis agus fianaise leordhóthanach a bhailiú lena gcuirfear ar chumas an duine neamhspleách a chinneadh an bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin saor ó mhíráitis ábhartha.

I gcás ina bhfuil údar cuí leis bunaithe ar anailís an duine neamhspleách arna déanamh i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1, féadfaidh an duine neamhspleách a chinneadh cuairt fhisiceach a thabhairt ar láithreán an tsuímh nó na suíomhanna ina sainítear an próiseas chun sonraí maidir le praghas carbóin a shannadh do shainastaíochtaí leabaithe agus ina stóráiltear an fhianaise ar phraghas carbóin a íocadh iarbhír.

Airteagal 17

Aghaidh a thabhairt ar mhíráitis agus ar neamhchomhlíonadh

1. I gcás ina sainaithníonn an duine neamhspleách míráitis nó aon mhainneachtain an Rialachán seo a chomhlíonadh le linn an deimhniúcháin, cuirfidh sé an t-oibreoir ar an eolas faoi sin gan mhoill agus iarrfaidh sé ar an oibreoir na míráitis nó an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh a cheartú. Ceartóidh an t-oibreoir na míráitis nó an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh.

2. Déanfaidh an duine neamhspleách gach míráiteas nó neamhchomhlíonadh a cheartaigh an t-oibreoir le linn an deimhniúcháin a dhoiciméadú ina dhoiciméadacht deimhniúcháin inmheánach agus marcálfaidh sé iad mar mhíráitis réitithe nó neamhchomhlíonadh réitithe.

3. I gcás nach gceartaíonn an t-oibreoir na míráitis nó an neamh-chomhlíonadh, iarrfaidh an duine neamhspleách ar an oibreoir, sula n-eiseoidh sé an tuarascáil deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 19, na príomhchúiseanna leis na míráitis nó leis an neamh-chomhlíonadh a mhíniú, mar aon leis na cúiseanna nach ndearnadh na ceartúcháin a iarradh.

4. Cinnfidh an duine neamhspleách an bhfuil tionchar ag na míráitis neamhcheartaithe, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile, ar an bpraghas carbóin iomlán a íoctar agus a thuairiscítear le haghaidh gach earra. Agus measúnú á dhéanamh ag an duine neamhspleách ar ábharthacht na míráiteas, breithneoidh sé méid agus cineál na míráiteas agus na himthosca ar leith a bhaineann lena dtarlú.

Féadfaidh an duine neamhspleách míráitis a mheas mar mhíráitis ábhartha fiú má tá siad, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile, faoi bhun na tairsí ábharthachta a leagtar síos in Airteagal 18, i gcás ina bhfuil údar leis an mbreithniú sin mar gheall ar mhéid agus ar chineál na míráiteas agus ar imthosca ar leith a bhaineann le tarlú na míráiteas.

5. Mura gceartaíonn an t-oibreoir an neamhchomhlíonadh i gcomhréir le mír 1 sula n-eisíonn an duine neamhspleách an tuarascáil deimhniúcháin, déanfaidh an duine neamhspleách measúnú i dtaobh an bhfuil tionchar ag an neamhchomhlíonadh neamhcheartaithe ar an bpraghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír agus a thuairiscítear le haghaidh gach earra agus i dtaobh an mbíonn míráiteas ábhartha mar thoradh air sin.

Airteagal 18

Tairseach ábharthachta

Agus measúnú á dhéanamh ar mhíráitis sna sonraí tuairiscithe le haghaidh na tréimhse tuairisciúcháin faoi réir deimhniúcháin, cuirfidh an duine neamhspleách leibhéal ábharthachta i bhfeidhm maidir le gach tona den earra ábhartha, nó i gcás leictreachas allmhairithe le haghaidh gach MWh, arna shainaithint lena chód Ainmníochta Comhcheangailte (AC). Is é a bheidh sa tairseach ábharthachta sin 5 % den phraghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír agus atá inchurtha i leith an earra sin.

Airteagal 19

Tuarascáil deimhniúcháin

1. Ar bhonn na faisnéise a bhaileofar, deimhneoidh an duine neamhspleách tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin. Beidh sa tuarascáil deimhniúcháin ceann amháin de na ráitis tuairime seo a leanas:

(a) deimhnítear go bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin sásúil i gcás ina bhfuil sí saor ó mhíráitis ábhartha agus inar íocadh go héifeachtach an praghas carbóin ar na hastaíochtaí leabaithe fíoraithe;

(b) tá tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin deimhnithe mar thuarascáil mhíshásúil i gcás ina bhfuil ar a laghad ceann amháin de na nithe seo a leanas amhlaidh:

(1) tá míráitis ábhartha ann nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil deimhniúcháin;

(2) ní raibh an duine neamhspleách in ann fianaise leordhóthanach a fháil;

(3) níl dóthain soiléireachta ann lena lua le dearbhú réasúnach go bhfuil tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin saor ó mhíráitis ábhartha.

2. Ón 1 Feabhra 2027 ar aghaidh, eiseoidh an duine neamhspleách an tuarascáil deimhniúcháin i gclárlann SCCT.

3. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/956, déanfar an tuarascáil deimhniúcháin a tharchur chuig an oibreoir trí chlárlann SCCT.

4. I gcás nach bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT, déanfaidh an duine neamhspleách an tuarascáil deimhniúcháin a onnmhairiú ó chlárlann SCCT agus a tharchur chuig an oibreoir, ar bhealach eile, ina bhunfhormáid chaighdeánach bogearraí. Soláthróidh an duine neamhspleách cóip den tuarascáil deimhniúcháin don oibreoir freisin i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach a nglactar léi go forleathan le haghaidh doiciméid dhigiteacha, chun críoch faisnéise amháin.

5. Ullmhófar an tuarascáil deimhniúcháin ar bhonn an teimpléid leictreonaigh arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

6. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V ar a laghad sa teimpléad leictreonach dá dtagraítear i mír 5.

7. Ní eiseoidh an duine neamhspleách an tuarascáil deimhniúcháin i gcás ina bhfuil tuarascáil deimhniúcháin ann cheana lena gcumhdaítear an tréimhse thuairisciúcháin chéanna le haghaidh na suiteála céanna.

8. Féadfaidh an duine neamhspleách leagan athbhreithnithe de thuarascáil deimhniúcháin a eisiúint, a chuirfear in ionad an leagain roimhe sin, chun earráid a cheartú nó chun fianaise nó faisnéis nua a aimsítear tar éis a heisiúna a chur san áireamh, arna iarraidh sin don oibreoir.

9. Is i mBéarla a tharraingeoidh an duine neamhspleách suas an tuarascáil deimhniúcháin.

Airteagal 20

Doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach

1. Ullmhóidh agus tiomsóidh an duine neamhspleách doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) torthaí an deimhniúcháin;

(b) an fhaisnéis a fuarthas ón oibreoir de bhun Airteagal 13;

(c) an anailís straitéiseach, an anailís riosca agus an plean deimhniúcháin;

(d) faisnéis leordhóthanach chun tacú leis an ráiteas tuairime sa tuarascáil deimhniúcháin, lena n-áirítear réasúnuithe le haghaidh measúnuithe ar cé acu a bhí nó nach raibh na míráitis ábhartha.

2. Déanfar an doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú ar bhealach ina mbeidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin in ann a mheas an ndearnadh an deimhniú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Coimeádfaidh an duine neamhspleách an doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach chomh fada agus is gá chun gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe SCCT a cuireadh isteach.

4. Tabharfaidh an duine neamhspleách, arna iarraidh sin, rochtain don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla ar an doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach agus ar fhaisnéis ábhartha eile chun meastóireacht ar an deimhniú a éascú. Soláthróidh an duine neamhspleách rochtain ar an doiciméadacht sin trí chlárlann SCCT, mura n-iarrtar a mhalairt, laistigh de 30 lá féilire tar éis na hiarrata.

ROINN 3

Creidiúnú agus maoirseacht daoine neamhspleácha agus comhar idir údaráis

Airteagal 21

Iarratas ar chreidiúnú

1. Cuirfidh iarratasóir atá bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit iarratas ar chreidiúnú faoi bhráid chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin an Bhallstáit sin le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Mar sin féin, cuirfidh an t-iarratasóir a iarratas ar chreidiúnú faoi bhráid comhlacht náisiúnta creidiúcháin aon Bhallstáit eile a dheonaíonn creidiúnú le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar chinn an Ballstát bunaíochta gan comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a bhunú agus nach ndeachaigh sé ar iontaoibh comhlachta náisiúnta creidiúnúcháin Ballstáit eile;

(b) i gcás nach ndéanann an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír creidiúnú maidir le raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;

(c) maidir leis an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás nach ndearnadh meastóireacht piaraí air sin i dtaca leis na grúpaí gníomhaíochta a bhfuil an creidiúnú iarrtha ina leith.

2. Déanfaidh iarratasóir nach bhfuil bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit iarratas ar chreidiúnú a chur isteach chuig comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin aon Bhallstáit a sholáthraíonn creidiúnú le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

3. In éineacht leis an iarratas, cuirfidh an t-iarratasóir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 na doiciméid seo a leanas ar a laghad ar fáil don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin:

(a) tuairisc ar inniúlacht an iarratasóra an deimhniú a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1;

(b) tuairisc ar an bpróiseas chun neamhspleáchas a áirithiú, lena n-áirítear taifid ábhartha ar neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an iarratasóra agus a phearsanra;

(c) liosta na saineolaithe teicniúla agus an phríomhphearsanra a bhfuil baint acu le deimhniú thuarascálacha na n-oibreoirí ar phraghas carbóin;

(d) tuairisc ar an gcóras bainistithe cáilíochta a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1, lena n-áirítear eilimintí a bhaineann leis an doiciméadacht deimhniúcháin inmheánach;

(e) taifid ábhartha chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú, lena n-áirítear taifid a mhéid a bhaineann le hinniúlacht agus neamhchlaontacht phearsanra an iarratasóra;

(f) más infheidhme, aon fhianaise ábhartha ar inniúlacht chruthaithe i gcur i bhfeidhm an chaighdeáin idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 1, mar a aithníonn comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin nó comhlacht creidiúnúcháin tríú tíre.

4. Tar éis an t-iarratas ar chreidiúnú a fháil, féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a iarraidh ar an iarratasóir aon fhaisnéis eile a chur isteach a mheasann an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a bheith riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas.

Féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a iarraidh ar an iarratasóir nach bhfuil bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit faisnéis a sholáthar lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin gníomhaíochtaí creidiúnúcháin a dhéanamh i dtír bhunaíochta an iarratasóra.

5. I gcás nach mbeidh comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a sholáthraíonn seirbhísí creidiúnúcháin faoin Rialachán seo in ann creidiúnú a dhéanamh ar iarratasóir nach bhfuil bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, soláthróidh sé don iarratasóir, gan moill mhíchuí tar éis dó a iarratas ar chreidiúnú a fháil, freagra cuí-réasúnaithe ina leagfar amach na cúiseanna nach ndearnadh an creidiúnú agus ina soláthrófar liosta de chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a d'fhéadfadh a bheith in ann tabhairt faoin bpróiseas creidiúnúcháin.

6. An comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí dá dtagraítear in Airteagal 29, éascóidh sé an malartú faisnéise idir comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin trí liosta a choinneáil ar bun de chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a sholáthraíonn seirbhísí creidiúnúcháin faoi SCCT agus de chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin a d'fhéadfadh a bheith in ann tabhairt faoin bpróiseas creidiúnúcháin le haghaidh iarratasóirí nach bhfuil bunaithe faoi dhlí náisiúnta Ballstáit.

Airteagal 22

Raon feidhme an mheasúnaithe ó chomhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin

Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(32) de Rialachán (AE) 2023/956 measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine dlítheanach a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar chreidiúnú ('an t-iarratasóir') nó an duine neamhspleách an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá sé cáilithe chun tuarascálacha na n-oibreoirí ar phraghas carbóin a dheimhniú i gcomhréir leis an gCaibidil seo;

(b) tá deimhniúchán á dhéanamh aige i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

Airteagal 23

Measúnú ar iarratais ar chreidiúnú agus cinneadh maidir le creidiúnú a dheonú

1. Agus measúnú na n-iarratas ar chreidiúnú á ullmhú ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin, déanfaidh sé na nithe uile seo a leanas:

(a) athbhreithniú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir de bhun Airteagal 21, mír 3;

(b) cuairt ar an láthair a thabhairt ar áitreabh an iarratasóra chun athbhreithniú a dhéanamh ar shampla ionadaíoch de dhoiciméadacht deimhniúcháin inmheánach an iarratasóra;

(c) fíorú a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus measúnú a dhéanamh ar an inniúlacht atá ag líon ionadaíoch d'fhoireann an iarratasóra a bhfuil baint acu le tuarascálacha na n-oibreoirí ar phraghas carbóin a dheimhniú, chun a áirithiú go n-oibríonn siad i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Le linn an mheasúnaithe, cuirfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin an méid ar fad seo a leanas san áireamh:

(a) castacht raon feidhme an chreidiúnúcháin a chumhdaítear leis an iarratas;

(b) na limistéir gheografacha ina bhfuil deimhniú á dhéanamh ag an iarratasóir nó ina bhfuil sé beartaithe aige deimhniú a dhéanamh;

(c) an bhfuil an t-iarratasóir creidiúnaithe le haghaidh raon feidhme creidiúnúcháin de bhun Rialachán (AE) 2023/956.

Féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin aon fhianaise ábhartha arna soláthar ag an iarratasóir a mheas freisin, de bhun Airteagal 21, mír 3, pointe (f).

3. Féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin comhaontú a thabhairt i gcrích le comhlacht creidiúnúcháin atá bunaithe i dtríú tír chun cuid de na gníomhaíochtaí measúnaithe dá dtagraítear i mír 1 a tharmligean chuig an gcomhlacht creidiúnúcháin sin maidir le hiarratasóirí atá bunaithe faoi dhlí náisiúnta an chomhlachta creidiúnúcháin sin. Leanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin de bheith freagrach as creidiúnú an iarratasóra.

4. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a thorthaí agus aon neamhchomhlíonadh a thuairisciú don iarratasóir agus iarrfaidh sé freagra.

5. Déanfaidh an t-iarratasóir gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhchomhlíonadh arna thuairisciú de bhun mhír 3 agus cuirfidh sé isteach, laistigh de thréimhse a shocróidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin, freagra ina léireofar an ghníomhaíocht atá déanta aige, nó a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh, chun an neamhchomhlíonadh sin a réiteach.

6. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin athbhreithniú ar an bhfreagra arna chur isteach ag an iarratasóir de bhun mhír 4.

7. I gcás ina gcinnfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin nach leor freagra an iarratasóra nó an ghníomhaíocht a rinneadh nó nach bhfuil sí éifeachtach, ceanglóidh sé ar an iarratasóir tuilleadh faisnéise a chur isteach nó gníomhaíocht bhreise a dhéanamh, agus féadfaidh sé fianaise a iarraidh ar chur chun feidhme iarbhír na gníomhaíochta sin nó measúnú leantach a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh air.

8. I gcás ina gcinnfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú a dheonú nó a athnuachan nó raon feidhme creidiúnúcháin a leathnú, eiseoidh sé deimhniú creidiúnúcháin chuige sin.

Beidh an deimhniú creidiúnúcháin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana ó dháta a eisiúna.

Airteagal 24

Leathnú ar an raon feidhme

1. Fíoraitheoir atá creidiúnaithe de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 le haghaidh grúpa gníomhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó iarratasóir atá creidiúnaithe de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 le haghaidh an ghrúpa ábhartha gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar raon feidhme a chreidiúnaithe a leathnú chuig an ngrúpa gníomhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a chinneadh, mar fhreagairt ar iarratas de bhun mhír 1 ar leathnú ar raon feidhme creidiúnúcháin deonaithe, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fíoraitheoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22 maidir leis an leathnú a iarradh ar raon feidhme a chreidiúnaithe.

Airteagal 25

Faireachas bliantúil

Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin faireachas bliantúil ar gach duine neamhspleách a bhfuil deimhniú creidiúnúcháin eisithe aige dó. Cuimseofar san fhaireachas sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) measúnú ar an láthair nó measúnú oifige fíorúil ar an duine neamhspleách;

(b) an fheidhmíocht a fhianú agus measúnú a dhéanamh ar an inniúlacht atá ag líon ionadaíoch d'fhoireann an duine neamhspleách i gcomhréir le hAirteagal 23, mír 1, pointe (c).

Airteagal 26

Gearáin

I gcás ina bhfuil gearán faighte ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe maidir le duine neamhspleách atá creidiúnaithe aige ó aon údarás inniúil, ón gCoimisiún, ón oibreoir nó ó aon pháirtí leasmhar eile, déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe, tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a fuarthas an gearán, na nithe uile seo a leanas:

(a) déanfaidh sé measúnú ar bhailíocht an ghearáin;

(b) áiritheoidh sé go dtabharfar an deis don duine neamhspleách lena mbaineann a bharúlacha a chur isteach;

(c) déanfaidh sé gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngearán;

(d) déanfaidh sé an gearán agus an ghníomhaíocht a rinneadh ina leith a thaifeadadh;

(e) tabharfaidh sé freagra don ghearánach.

Airteagal 27

Raon feidhme an chreidiúnúcháin a chur ar fionraí agus a laghdú agus creidiúnú a tharraingt siar

1. Gan dochar do mhíreanna 2, 3 agus 4, féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú duine neamhspleách a chur ar fionraí, a raon feidhme a laghdú nó a tharraingt siar, i gcás nach gcomhlíonann an duine neamhspleách na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú a chur ar fionraí, a raon feidhme a laghdú nó a tharraingt siar i gcás ina n-iarrann an duine neamhspleách amhlaidh.

3. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin raon feidhme creidiúnúcháin a chur ar fionraí nó a laghdú i gcás ina bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas amhlaidh i gcás an duine neamhspleách:

(a) rinne sé sárú tromchúiseach ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo;

(b) níor éirigh leis, ar bhonn leanúnach, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh;

(c) sháraigh sé aon téarma agus coinníoll sonrach eile arna leagan síos ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin.

4. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú duine neamhspleách a tharraingt siar i gcás ina bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas amhlaidh:

(a) níor leigheas an duine neamhspleách na heasnaimh arb iad ba chúis le cinneadh an creidiúnú a chur ar fionraí;

(b) fuarthas comhalta de lucht bainistíochta an duine neamhspleách, nó comhalta d'fhoireann an duine neamhspleách atá bainteach leis an deimhniú, ciontach i gcalaois;

(c) sholáthair an duine neamhspleách faisnéis bhréagach d'aon ghnó nó go bhfuil faisnéis folaithe aige d'aon ghnó.

5. Féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin creidiúnú duine neamhspleách a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcás ina gcinnfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin nach bhfuil sé in ann gníomhaíochtaí creidiúnúcháin a dhéanamh a thuilleadh i dtír bhunaíochta an iarratasóra.

Airteagal 28

Gníomhaíochtaí breathnóireachta

1. Féadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin cinneadh a dhéanamh gníomhaíochtaí breathnóireachta a dhéanamh ar fhíoraitheoirí atá tagtha chun bheith ina ndaoine neamhspleácha de bhun Airteagal 11, mír 1, chun taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí creidiúnúcháin faoin Rialachán seo sula ndéanfaidh sé creidiúnú le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. Ní fhéadfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin gníomhaíochtaí breathnóireachta a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) i gcás nach ndéanann an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír creidiúnú maidir le raon feidhme an chreidiúnúcháin dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;

(b) tá fógra tugtha ag duine neamhspleách amháin ar a laghad don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin go bhfuil sé tagtha chun bheith ina dhuine neamhspleách de bhun Airteagal 11, mír 1.

3. Féadfar a chumhdach leis na gníomhaíochtaí breathnóireachta aon cheann de na gníomhaíochtaí a dhéanfadh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin faoin Rialachán seo chun duine neamhspleách a chreidiúnú, lena n-áirítear an clár oibre bliantúil agus an tuarascáil bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 32 agus an fógra faoi Airteagal 35 a chur isteach.

Tarchuirfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin chuig na daoine neamhspleácha ábhartha, faoi fhógra réasúnach, liosta na ngníomhaíochtaí breathnóireachta a bhfuil sé i gceist aige iad a chur i gcrích.

Airteagal 29

Meastóireacht piaraí agus aitheantas frithpháirteach

1. Cuirfidh comhlachtaí náisiúnta creidiúnúcháin iad féin faoi réir meastóireachtaí piaraí tráthrialta a dhéanfaidh an comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

2. I gcás nach bhfuil toradh na meastóireachta piaraí sásúil, scoirfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin d'aon ghníomhaíocht a dhéanamh agus de sheirbhísí a sholáthar faoin Rialachán seo go dtí go mbainfear amach toradh sásúil ar mheastóireacht piaraí.

3. I gcás ina ndearnadh meastóireacht piaraí go rathúil ar chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 nó inar deonaíodh díolúine dó ón gceanglas dul faoi mheastóireacht piaraí nua de bhun Airteagal 27, mír 4, den Rialachán Tarmligthe sin, ní cheanglófar ar an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin dul faoi mheastóireacht piaraí nua faoin Rialachán seo.

Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas dul faoi mheastóireacht piaraí nua ar feadh tréimhse suas le 4 bliana ón dáta a thabharfaidh an comhlacht a aithnítear mar eagraí na meastóireachta piaraí faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 fógra faoina chinneadh don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin.

4. Go dtí go gcuirfear an próiseas meastóireachta piaraí i gcrích, aithneoidh na Ballstáit go bhfuil deimhnithe creidiúnúcháin agus tuarascálacha deimhniúcháin daoine neamhspleácha arna gcreidiúnú ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sin bailí. Déanfaidh siad amhlaidh ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) deonaíodh an díolúine dá dtagraítear i mír 3 dó;

(b) tá tús curtha le meastóireacht piaraí air.

Airteagal 30

Malartú faisnéise agus comhar

I gcás ina soláthraíonn an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin seirbhísí creidiúnúcháin le haghaidh raon feidhme an chreidiúnúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, bunóidh an Ballstát ina bhfuil an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin lonnaithe malartú éifeachtach faisnéise agus comhair idir an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sin agus an t-údarás inniúil.

Airteagal 31

Malartú faisnéise maidir le deimhnithe creidiúnúcháin agus bearta riaracháin

1. Soláthróidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin, gan mhoill, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun an duine neamhspleách a chlárú i gclárlann SCCT agus chun aon nuashonrú a dhéanamh ar an gclárú sin ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis sin:

(a) aon chinneadh creidiúnú a dheonú, nó aon chinneadh raon feidhme an chreidiúnúcháin sin a athnuachan nó a leathnú;

(b) aon chinneadh de bhun Airteagal 27 creidiúnú a chur ar fionraí, a laghdú nó a tharraingt siar, agus aon chinneadh ar achomharc lena n-aisiompaítear cinneadh den sórt sin;

(c) aon chúlghairm ar chinneadh creidiúnú a chur ar fionraí.

2. Cláróidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 i gclárlann SCCT agus coinneoidh sé cothrom le dáta an fhaisnéis faoi dhaoine neamhspleácha a fuarthas i gcomhréir le mír 1.

3. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid idir-inoibritheach.

Airteagal 32

Clár oibre creidiúnúcháin agus tuarascáil bhainistíochta

1. Áireoidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sa chlár oibre creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 liosta de dhaoine neamhspleácha atá creidiúnaithe aige. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an liosta sin, i dtaca le gach duine neamhspleách:

(a) na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin don duine neamhspleách, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireachais agus athmheasúnaithe;

(b) am agus áit réamh-mheasta an deimhnithe, lena léirítear an ndéanfar cuairt fhisiceach nó fhíorúil ar an láithreán;

(c) dátaí na n-iniúchtaí fianaithe a mheastar a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar an duine neamhspleách, lena n-áirítear ainm agus mionsonraí aitheantais na n-oibreoirí agus na suiteálacha a bhfuil cuairt le tabhairt orthu le linn na n-iniúchtaí fianaithe.

2. Nuair a athraítear aon chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin clár oibre nuashonraithe faoi bhráid an údaráis inniúil laistigh den teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 21(1), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551.

3. Áireoidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sa tuarascáil bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551, le haghaidh gach duine neamhspleách atá creidiúnaithe aige, an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) sonraí creidiúnúcháin an duine neamhspleách, lena n-áirítear raon feidhme a chreidiúnaithe;

(b) aon athrú ar raon feidhme chreidiúnú an duine neamhspleách;

(c) torthaí achoimrithe na ngníomhaíochtaí faireachais agus athmheasúnaithe a rinne an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin;

(d) torthaí achoimrithe ar mheasúnaithe urghnácha a rinneadh, lena n-áirítear na cúiseanna leis na measúnuithe urghnácha sin a thionscnamh;

(e) aon ghearán a rinneadh in aghaidh an duine neamhspleách ó bhí an tuarascáil bhainistíochta dheireanach ann agus an ghníomhaíocht a rinne an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin i ndáil leis na gearáin sin;

(f) mionsonraí maidir leis an ngníomhaíocht a rinne an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin mar fhreagairt ar an bhfaisnéis arna comhroinnt ag an údarás inniúil de bhun Airteagal 34, seachas má tá an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin tar éis an fhaisnéis a mheas mar ghearán de réir bhrí Airteagal 26.

I gcás inar thug an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin fógra d'iarratasóir ar chreidiúnú, i gcomhréir le hAirteagal 21, mír 5, nach raibh sé in ann an próiseas creidiúnúcháin a dhéanamh, áireoidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sa tuarascáil bhainistíochta dá dtagraítear i mír 3 liosta iarratasóirí, lena n-áirítear a n-ainm, an tír bhunaíochta agus raon feidhme an chreidiúnúcháin atá á lorg.

Airteagal 33

Malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus an Coimisiún

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis faoi dhaoine neamhspleácha a áirítear sa chlár oibre creidiúnúcháin agus sa tuarascáil bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 32 ar fáil gan mhoill trí chlárlann SCCT do na húdaráis inniúla eile agus don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó an Coimisiún athbhreithniú ar an deimhniú SCCT de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2023/956, cuirfidh siad faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla, agus don Choimisiún i gcás inarb infheidhme, trí chlárlann SCCT, maidir le tionscnamh an athbhreithnithe agus na torthaí lena mbaineann, sa mhéid is go mbaineann siad leis an obair a dhéanann an duine neamhspleách.

Airteagal 34

Faisnéis ón údarás inniúil chuig an gcomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin agus rúndacht ghairmiúil

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin bunaithe an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a chur in iúl, ar bhonn tráthrialta agus uair sa bhliain ar a laghad, don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a chreidiúnaigh an duine neamhspleách:

(a) torthaí ábhartha na seiceálacha ar an bhfianaise lena léirítear gur íocadh an praghas carbóin iarbhír, agus ar an tuarascáil deimhniúcháin, lena n-áirítear aon neamhchomhlíonadh sainaitheanta an duine neamhspleách leis an Rialachán seo;

(b) aon ghearán a fhaigheann an t-údarás inniúil maidir leis an duine neamhspleách sin.

2. Chun críocha mhír 1, úsáidfidh an t-údarás inniúil an teimpléad leictreonach, a chuir an Coimisiún ar fáil.

3. I gcás ina bhfaigheann an t-údarás inniúil gearán maidir le duine neamhspleách a chreidiúnaigh comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin Ballstáit eile, cuirfidh an t-údarás inniúil an gearán in iúl don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin sin.

4. I gcás ina léiríonn an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 gur shainaithin údarás inniúil nó an Coimisiún mainneachtain ar thaobh an duine neamhspleách an Rialachán seo a chomhlíonadh, déileálfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin le cur in iúl na faisnéise sin mar ghearán arna thaisceadh ag an údarás inniúil a bhaineann leis an duine neamhspleách sin i gcomhréir le hAirteagal 26.

5. I gcás ina bhfaigheann an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin faisnéis a bhaineann le tuarascáil oibreora ar phraghas carbóin nó le tuarascáil deimhniúcháin, beidh an fhaisnéis sin faoi réir rúndacht ghairmiúil. Ní nochtfaidh an comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin an fhaisnéis sin d'aon duine eile ná d'aon údarás eile, ach amháin i gcás ina gceanglaítear nochtadh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

Airteagal 35

Fógra ó dhaoine neamhspleácha

1. Faoin 15 Samhain gach bliain, cuirfidh daoine neamhspleácha an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an chomhlachta náisiúnta creidiúnúcháin a chreidiúnaigh iad le haghaidh na chéad bhliana féilire eile:

(a) am beartaithe agus áit bheartaithe na ndeimhnithe atá le déanamh acu, lena léireofar an ndéanfar cuairt fhisiceach nó fhíorúil ar an láithreán;

(b) ainm agus mionsonraí aitheantais gach oibreora a bhfuil a thuarascálacha ar phraghas carbóin faoi réir a dheimhnithe, agus sonraí aitheantais na suiteálacha lena mbaineann;

(c) ainmneacha bhaill na foirne deimhniúcháin agus raon feidhme an chreidiúnúcháin lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí an oibreora.

2. I gcás ina n-athraítear aon chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh daoine neamhspleácha fógra don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin faoi na hathruithe sin laistigh de thréimhse a comhaontaíodh leis an gcomhlacht sin.

3. Tabharfaidh daoine neamhspleácha fógra, gan mhoill, don chomhlacht náisiúnta creidiúnúcháin faoi aon athrú suntasach maidir lena stádas nó lena n-oibríocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá gcreidiúnú.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 36

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.

Athbhreithneofar é in 2027 ar a dhéanaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Modheolaíocht chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír ar an astaíocht leabaithe a ríomh

Leagtar síos san Iarscríbhinn seo modhanna chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír le haghaidh na sainastaíochtaí leabaithe in earraí a shannadh.

1. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, agus Iarscríbhinní II agus III, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'astaíochtaí SPC' astaíochtaí a thuairiscítear agus a dheimhnítear faoin sásra um praghsáil carbóin;

(2) ciallaíonn 'lacáiste nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí' an sciar d'astaíochtaí SPC a chúitítear le lacáistí nó le cineálacha eile cúitimh;

(3) ciallaíonn 'cáin charbóin' cáin charbóin, tobhach carbóin nó táille charbóin, i bhfoirm cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse nó cáin charbóin bhreosla-bhunaithe arna socrú ag na húdaráis tríú tír;

(4) ciallaíonn 'cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse' cáin, tobhach nó táille dhíreach a thoibhítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó fhoinse shonrach inaitheanta;

(5) ciallaíonn 'cáin charbóin bhreosla-bhunaithe' cáin, tobhach nó táille dhíreach a thoibhítear ar chion carbóin an tsoláthair breosla iontaise a scaoiltear a astaíochtaí le linn táirgeadh earraí;

(6) Ciallaíonn 'tréimhse thuairisciúcháin SPC' an tréimhse is infheidhme maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí SPC;

(7) ciallaíonn 'creidmheas carbóin' creidmheas arna eisiúint ag sásra creidiúnúcháin lena léirítear laghdú astaíochtaí nó aistriú astaíochtaí gás ceaptha teasa ón atmaisféar, a ghintear le gníomhaíocht mhaolaithe agus a chuirtear chun feidhme in oibríochtaí nach gcumhdaítear a n-astaíochtaí leis an sásra um praghsáil carbóin;

(8) ciallaíonn 'creidmheas carbóin idirnáisiúnta' creidmheas carbóin a bhaineann le gníomhaíocht mhaolaithe a chuirtear chun feidhme i dtír nach tír tháirgthe earra í.

2. CÉIMEANNA SANNTA SA MHODHEOLAÍOCHT

An praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe le haghaidh earraí, déanfar é a shannadh trí na céimeanna leantacha seo a leanas a dhéanamh:

(a) an praghas carbóin a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a chinneadh, arna shloinneadh in euro in aghaidh tCO_2e, i gcomhréir le roinn 3, le haghaidh gach sásra um praghsáil carbóin lena gcumhdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear le linn táirgeadh earraí;

(b) na hastaíochtaí SPC a shannadh do gach earra, i gcomhréir le roinn 4, le haghaidh gach sásra um praghsáil carbóin lena gcumhdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear le linn táirgeadh earraí;

(c) an lacáiste nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí a shannadh do gach earra, i gcomhréir le roinn 5, le haghaidh gach sásra um praghsáil carbóin lena gcumhdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear le linn táirgeadh earraí;

(d) an praghas carbóin a íoctar iarbhír a shannadh d'astaíochtaí leabaithe sonracha agus pointí sonraí a chinneadh atá riachtanach don dearbhóir SCCT, i gcomhréir le roinn 6, le haghaidh gach sásra um praghsáil carbóin lena gcumhdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear le linn táirgeadh earraí;

(e) an praghas carbóin a íoctar iarbhír a chomhshó go euro agus an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe a chomhiomlánú, i gcomhréir le roinn 7.

I gcás ina sonraítear san Iarscríbhinn seo an fhianaise a thacaíonn leis an bpraghas carbóin a íoctar iarbhír, bainfidh an fhianaise sin leis an tsuiteáil shonrach a tháirgeann earraí, lena n-áirítear nuair a íocann eintiteas atá faoi réir sásra um praghsáil carbóin a bhfuil feidhm aige maidir le roinnt suiteálacha an praghas carbóin.

3. AN PRAGHAS CARBÓIN IS INFHEIDHME IN AGHAIDH AN TONA D'ASTAÍOCHTAÍ A CHINNEADH, BUNAITHE AR FHOIRM AN tSÁSRA UM PRAGHSÁIL CARBÓIN

I gcás gach sásra um praghsáil carbóin lena gcumhdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le táirgeadh earraí, cinnfear praghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí.

I gcás ina gcumhdaíonn astaíochtaí SPC astaíochtaí díreacha, cinnfear an praghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí díreacha (CP_{DIR}) mar a shonraítear i ranna 3.1 agus 3.3.

I gcás ina gcumhdaítear astaíochtaí indíreacha le hastaíochtaí SPC, cinnfear an praghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí indíreacha (CP_{IND} mar a shonraítear i ranna 3.2 agus 3.3.

I gcás ina gcumhdaíonn astaíochtaí SPC astaíochtaí díreacha agus indíreacha araon, bunófar an praghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí díreacha nó indíreacha ar leithligh.

I gcás ina mbeidh lacáistí nó cineálacha eile cúitimh i bhfoirm aisíocaíochta i luach airgeadúil, bunófar an laghdú comhfhreagrach ar an bpraghas carbóin mar a shonraítear i roinn 3.4.

3.1. **An praghas carbóin a bhaineann le hastaíochtaí díreacha a chinneadh**

I gcás ina bhfuil feidhm ag an bpraghas carbóin maidir le hastaíochtaí díreacha na suiteála atá faoi réir córas trádála astaíochtaí nó cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse, bunófar an praghas carbóin ar astaíochtaí díreacha ar bhonn na cothromóide seo a leanas:

$$CP_{DIR} = CP/EM_CPM_{DIR} \qquad \text{(cothromóid 1)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é CP_{DIR} an praghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha, na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é *CP* an praghas carbóin iomlán a d'íoc an t-oibreoir ar astaíochtaí díreacha le haghaidh thréimhse thuairisciúcháin ábhartha SPC, arna shloinneadh in aonad airgeadra áitiúil na dlínse;

— Is é EM_CPM_{DIR} na hastaíochtaí iomlána SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha le haghaidh thréimhse thuairisciúcháin ábhartha SPC, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an bpraghas carbóin maidir le hastaíochtaí leictreachais allmhairithe (mar earra SCCT), féadfar an praghas carbóin a bhunú trí úsáid a bhaint as an bpraghas carbóin réamhshocraithe ábhartha arna chur ar fáil ag an gCoimisiún nó ar bhonn carbóin iarbhír nuair a bhunaítear tuairisciú astaíochtaí leabaithe ar bhonn luachanna iarbhír, i gcomhréir leis an bhfachtóir astaíochta don leictreachas allmhairithe arna chinneadh ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír a thuairiscítear sa tuarascáil maidir le hastaíochtaí, i gcomhréir le roinn 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an bpraghas carbóin maidir le sásra um praghsáil carbóin breosla-bhunaithe, beidh feidhm ag roinn 3.3.3.

3.2. **An praghas carbóin a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha a chinneadh**

I gcás ina bhfuil feidhm ag an bpraghas carbóin maidir le hastaíochtaí indíreacha na suiteála, bunófar an praghas carbóin ar astaíochtaí indíreacha bunaithe ar mheánphraghas carbóin bliantúil in aghaidh an aonaid leictreachais arna cheannach, agus úsáid á baint as an gcothromóid seo a leanas:

$$CP_{IND} = CP/(Q_{IND} \times EF) \qquad \text{(cothromóid 2)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é CP_{IND} an meánphraghas carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é *CP* an praghas carbóin iomlán a íoctar i gcás astaíochtaí indíreacha, arna shloinneadh in aonad airgeadra áitiúil na dlínse;

— Is é Q_{IND} an chainníocht ábhartha leictreachais a ídítear, arna sloinneadh in MWh nó TJ;

— Is é *EF* an fachtóir astaíochtaí atá ábhartha don leictreachas a ídítear, arna shloinneadh ina thonaí de CO_2e/MWh nó ina thonaí de CO_2e/TJ.

Beidh an fachtóir astaíochtaí le haghaidh fachtóir astaíochtaí leictreachais i gcothromóid 2 comhsheasmhach leis na hastaíochtaí indíreacha leabaithe iarbhír i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an praghas carbóin a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha (CP_{IND}) a bheith ina phraghas carbóin réamhshocraithe arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

3.3. **Na cineálacha sásra um praghsáil carbóin faoina n-íoctar an praghas carbóin**

Bunófar an praghas carbóin a chumhdaítear le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha bunaithe ar chineál na sásraí um praghsáil carbóin a liostaítear sna ranna seo a leanas. Sonraítear an fhianaise maidir leis an bpraghas carbóin sin i roinn 3.5.

3.3.1. *Córas Trádála Astaíochtaí*

I gcás ina bhfuil córas trádála astaíochtaí infheidhme, bunófar an praghas carbóin iomlán a íoctar ar astaíochtaí díreacha i gcothromóid 1 agus an praghas carbóin iomlán a íoctar ar astaíochtaí indíreacha i gcothromóid 2 ar leithligh de réir mheánphraghas ualaithe ceantála an lamháltais le linn na tréimhse tuairisciúcháin, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona de CO_2e, arna chur ar fáil ag na húdaráis ábhartha atá freagrach as an gcóras trádála astaíochtaí.

I gcás nach mbeidh meánphraghas ceantála ualaithe an aonaid comhlíontachta ar fáil le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, cuirfear i bhfeidhm meánphraghas malairte an aonaid comhlíontachta ar an margadh tánaisteach aitheanta arna fhoilsiú ag an údarás poiblí atá freagrach as bainistiú an mhargaidh thánaistigh. Mura bhfoilsíonn an t-údarás poiblí atá freagrach an meánphraghas malairte nó mura féidir fianaise faoin bpraghas malairte foilsithe sin a sholáthar, cuirfear i bhfeidhm an meánphraghas malairte arna fhoilsiú ag an ardán malairte nó trádála atá údaraithe agus faoi mhaoirseacht ag údaráis na dlínse.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar CP_{DIR} agus CP_{IND} i gcothromóidí 1 agus 2, faoi seach, a shuí bunaithe ar mheánphraghas aonaid an oibreora le haghaidh comhlíonadh ag an bpointe ceannaigh. Agus an meán sin á chinneadh, ní chuirfidh an t-oibreoir san áireamh ach na haonaid sin le haghaidh comhlíonadh atá i gcuntas chlárlann an chórais trádála astaíochtaí ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú.

3.3.2. *Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse*

I gcás ina bhfuil cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse infheidhme, déanfar CP_{DIR} agus CP_{IND} i gcothromóidí 1 agus 2, faoi seach, a bhunú ar leithligh leis an ráta cánach carbóin is infheidhme, arna shloinneadh i bpraghas carbóin a íoctar in aghaidh an tona de CO_2e.

Má íoctar ráta laghdaithe cánach carbóin i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhunaítear faoin gcáin charbóin, is éard a bheidh sa ráta praghais carbóin an ráta laghdaithe cánach carbóin sin, arna shloinneadh i bpraghas carbóin a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha.

I gcás inar modhnaíodh an ráta cánach carbóin le linn na tréimhse tuairisciúcháin, bunófar meánráta ualaithe de réir ama don phraghas carbóin, lena ndéanfar suimiú ar an mbunráta praghais carbóin agus ar an ráta modhnaithe praghais carbóin i gcomhréir lena dtréimhse cur i bhfeidhm faoi seach thar an tréimhse thuairisciúcháin.

3.3.3. *Cáin charbóin bhreosla-bhunaithe*

I gcás ina bhfuil cáin charbóin bhreosla-bhunaithe infheidhme maidir le breoslaí a ídíonn an tsuiteáil, bunófar CP_{DIR} i gcothromóid 1 agus CP_{IND} i gcothromóid 2 ar leithligh ar bhonn an mheánráta ualaithe cánach carbóin le haghaidh na mbreoslaí atá faoi réir na cánach carbóin.

Chun na críche sin:

(a) úsáidfear an chothromóid seo a leanas le haghaidh breoslaí a dhóitear sa tsuiteáil i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí díreacha:

$$CP_{DIR} = \frac{\Sigma_{f=1}^{n}(TaxRateFuel_f \times Q_{FUEL_f})}{\Sigma_{f=1}^{n}(Q_{FUEL_f} \times DEF_f)} \qquad \text{(cothromóid 3a)}$$

(b) úsáidfear an chothromóid seo a leanas le haghaidh breoslaí a dhóitear sa tsuiteáil i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí indíreacha:

$$CP_{IND} = \frac{\Sigma_{f=1}^{n}(TaxRateFuel_f \times Q_{FUEL_f})}{\Sigma_{f=1}^{n}(Q_{FUEL_f} \times DEF_f)} \qquad \text{(cothromóid 3b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é CP_{DIR} meánráta ualaithe an phraghais carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí díreacha na suiteála a tháirgeann na hearraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é CP_{IND} meánráta ualaithe an phraghais carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha na suiteála a tháirgeann na hearraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é $TaxRateFuel_f$ an ráta cánach sonrach in aghaidh an aonaid breosla *f* is infheidhme maidir leis an mbreosla mar a fhorordaítear sa cháin charbóin a bhfuil an t-oibreoir faoina réir;

— Is é $QFUEL_f$ cainníocht an bhreosla *f* a ídítear ag an tsuiteáil i dtréimhse thuairisciúcháin SPC atá faoi réir na cánach carbóin, a shloinntear in aonaid bhreosla;

— Is é DEF_f an fachtóir astaíochtaí réamhshocraithe atá ábhartha don bhreosla *f* a ídítear, arna shloinneadh ina thonaí de CO_2e /aonad breosla;

— $\Sigma_{f=1}^{n}$ suim na rátaí cánach sonracha uile le haghaidh na mbreoslaí ábhartha atá faoi réir cáin charbóin shonrach.

Is iad seo a leanas na fachtóirí astaíochtaí réamhshocraithe a chuirfear i bhfeidhm i gcothromóidí 3a agus 3b (DEF_f):

(a) fachtóirí caighdeánacha a fhorordaítear i reachtaíocht na dlínse nó a shonraíonn an t-údarás cánach mar bhonn chun an cháin in aghaidh an aonaid breosla a dhíorthú bunaithe ar a cion astaíochtaí;

(b) mura bhfuil na fachtóirí astaíochta sin ar fáil, cuirfear fachtóirí caighdeánacha i bhfeidhm a úsáideann an tír ina bhfuil an tsuiteáil lonnaithe chun a fardal náisiúnta is déanaí a chur faoi bhráid Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide;

(c) i gcás nach mbeidh na fachtóirí caighdeánacha fardail náisiúnta sin ar fáil, cuirfear fachtóirí caighdeánacha i bhfeidhm atá sna Treoirlínte is déanaí d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ('GCT') de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide.

Beidh an ráta cánach carbóin a bhunaítear faoin reachtaíocht um cháin charbóin is infheidhme maidir leis an mbreosla ($TaxRateFuel_f$) agus an fachtóir astaíochta atá ábhartha don bhreosla sin a ídítear (DEF_f) comhsheasmhach leis an ráta praghais carbóin a bhunaítear faoin reachtaíocht.

I gcás ina mbeidh ráta cánach carbóin laghdaithe infheidhme in aghaidh an aonaid breosla arna ídiú i gcomhréir leis an reachtaíocht a bunaíodh faoin gcáin charbóin, is éard a bheidh in $TaxRateFuel_f$ an ráta cánach laghdaithe in aghaidh an aonaid breosla arna ídiú, ar ráta é is infheidhme maidir leis an mbreosla mura bhfuil fianaise ann gur íoc an t-oibreoir an ráta cánach carbóin iomlán agus nár cuireadh aon laghdú ar an ráta cánach i bhfeidhm.

I gcás inar modhnaíodh ráta cánach carbóin breosla *f* le linn na tréimhse tuairisciúcháin, bunófar meánráta praghais carbóin am-ualaithe agus úsáidfear é chun $TaxRateFuel_f$ i gcothromóid 3a agus 3b a chinneadh.

3.3.4. *Sásraí um praghsáil carbóin ag a bhfuil roghanna comhlíontachta éagsúla*

I gcás ina n-íoctar an praghas carbóin a bhfuil feidhm aige maidir le hastaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha na suiteála faoi chineálacha éagsúla roghanna comhlíontachta lena n-áirítear creidmheasanna carbóin a úsáid chun oibleagáidí comhlíontachta faoi chóras trádála astaíochtaí nó cáin charbóin a chomhlíonadh, lena gceadaítear do shuiteálacha i gcóras trádála astaíochtaí lamháltais atá in easnamh nó creidmheasanna de chineál coibhéiseach a cheannach ar ráta seasta arna bhunú ag na húdaráis fhreagracha, déanfar CP_{DIR} i gcothromóid 1 agus CP_{IND} i gcothromóid 2, a bhunú ar leithligh trí mheánráta ualaithe praghais carbóin a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí díreacha:

$$CP_{DIR} = \Sigma_{i=1}^{n}(CP_{CO_i} \times EM_{CO_i})/\Sigma_{i=1}^{n}(EM_{CO_i}) \quad \text{(cothromóid 4a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí indíreacha:

$$CP_{IND} = \Sigma_{i=1}^{n}(CP_{CO_i} \times EM_{CO_i})/\Sigma_{i=1}^{n}(EM_{CO_i}) \quad \text{(cothromóid 4b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é CP_{DIR} an meánphraghas ualaithe carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí díreacha na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é CP_{IND} an meánphraghas ualaithe carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é CP_{CO_i} an praghsáil carbóin *i* a chumhdaítear leis an rogha chomhlíontachta ar leith, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é EM_{CO_i} cainníocht na n-astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha a chumhdaítear le rogha ar leith le haghaidh comhlíonadh a úsáidtear chun na hoibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh.

I gcás inarb é atá i gceist leis an rogha chomhlíontachta creidmheasanna carbóin a úsáid chun na hoibleagáidí comhlíontachta faoi chóras trádála astaíochtaí nó faoi chóras cánach carbóin a chomhlíonadh, is é CP_{CO_i} an praghas carbóin is infheidhme, trí chreidmheasanna carbóin a úsáid chun na hoibleagáidí comhlíontachta faoi chóras trádála astaíochtaí nó faoi cháin charbóin a chomhlíonadh, arna shloinneadh in aonad airgeadra áitiúil na dlínse. Ní rachaidh an praghas tuairiscithe a íoctar ar chreidmheasanna carbóin (CP_{CO_i}) thar phraghas carbóin roghanna comhlíontachta eile faoin gcóras trádála astaíochtaí nó faoin gcáin charbóin, mar a chinntear faoi ranna 3.3.1, 3.3.2 agus 3.3.3.

I gcás nár cheannaigh an t-oibreoir na creidmheasanna carbóin a úsáideadh chun na hoibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh faoi chóras trádála astaíochtaí nó faoi cháin charbóin, sannfar praghas nialasach d'astaíochtaí SPC a chumhdaítear leis na creidmheasanna carbóin sin ach amháin más féidir leis an oibreoir fianaise a sholáthar maidir lena margadhphraghas bunaithe ar fhianaise a shainítear i roinn 3.5.4.

Chun an praghas carbóin a íoctar a chinneadh, ní fhéadfar creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta de bhun Airteagal 6.2 agus 6.4 de Chomhaontú Pháras, a úsáidtear chun na hoibleagáidí comhlíontachta faoi chóras trádála astaíochtaí nó cáin charbóin a chomhlíonadh, a éileamh ach go huasmhéid 10 % de na hastaíochtaí tuairiscithe agus deimhnithe SPC a chumhdaítear le sásra um praghsáil carbóin an tríú tír shainiúil sin, ionas nach rachaidh *EMco* a chomhfhreagraíonn do chreidmheasanna carbóin idirnáisiúnta fianaithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i roinn 3.5.4, thar na céatadáin a leanas:

(a) i gcás ina mbaineann *EMco* le hastaíochtaí díreacha, 10 % d'astaíochtaí iomlána SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha (*iomlán* EM_CPM_{DIR}) don sásra um praghsáil carbóin ina n-úsáidtear na creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta sin chun oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh;

(b) i gcás ina mbaineann *EMco* le hastaíochtaí díreacha, 10 % d'astaíochtaí iomlána SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha (*iomlán* EM_CPM_{DIR}) don sásra um praghsáil carbóin ina n-úsáidtear na creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta sin chun oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh.

I gcás ina gcumhdaítear níos mó ná 10 % d'astaíochtaí SPC díreacha nó indíreacha tuairiscithe agus deimhnithe de réir mar is infheidhme le creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta den sórt sin, sannfar praghas nialasach d'astaíochtaí SPC a chumhdaítear le creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta atá os cionn na tairsí 10 % sin agus sannfar an meánphraghas carbóin a íocadh as na creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta sin do 10 % d'astaíochtaí SPC díreacha nó indíreacha tuairiscithe agus deimhnithe de réir mar is infheidhme.

comhfhreagróidh $\Sigma_{i=1}^{n}$ $[EM_{CO_i}]$ d'astaíochtaí iomlána CPM a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha a chumhdaítear le roghanna comhlíontachta.

3.4. **Luach praghais lacáistí nó cineálacha eile cúitimh i luach airgeadúil a chinneadh**

I gcás ina mbeidh an lacáiste nó an cineál eile cúitimh i bhfoirm aisíocaíocht i luach airgeadúil, cinnfear ráta praghais na haisíocaíochta sin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí díreacha:

$$RC_{DIR} = RC_{VALUE}/EM_CPM_{DIR} \qquad \text{(cothromóid 5a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí indíreacha:

$$RC_{IND} = RC_{VALUE}/EM_CPM_{IND} \qquad \text{(cothromóid 5b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é RC_{DIR} an lacáiste nó an cineál eile ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha agus a bhaineann leis an gcineál aisíocaíochta sa roinn seo, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é RC_{IND} an lacáiste nó an cineál eile ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha agus a bhaineann leis an gcineál aisíocaíochta sa roinn seo, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é RC_{LUACH} luach praghais iomlán an lacáiste nó an chineáil eile cúitimh i dtéarmaí luach airgeadúil a fuarthas, a bhaineann leis an tréimhse SPC, arna shloinneadh san airgeadra áitiúil;

— Is é EM_CPM_{DIR} an cás ina mbaineann an aisíocaíocht i luach airgeadúil le hastaíochtaí díreacha, na hastaíochtaí iomlána SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_CPM_{IND} an cás ina mbaineann an aisíocaíocht i luach airgeadúil le hastaíochtaí indíreacha, lena n-áirítear cúiteamh costais ar phraghas carbóin a íoctar ar leictreachas ceannaithe, na hastaíochtaí iomlána SPC a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e.

Déanfar an lacáiste nó an cineál eile ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí a bhaineann leis an aisíocaíocht i luach airgeadúil a dhealú ón ráta praghais carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí díreacha:

$$EFF_CP_{DIR} = CP_{DIR} - RC_{DIR} \qquad \text{(cothromóid 6a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí indíreacha:

$$EFF_CP_{IND} = CP_{IND} - RC_{IND} \qquad \text{(cothromóid 6b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é EFF_CP_{DIR} an praghas carbóin iarbhír a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha arna sloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é EFF_CP_{IND} an praghas carbóin iarbhír a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha arna sloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é CP_{DIR} an ráta praghais carbóin nó an meánráta praghais carbóin ualaithe in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é CP_{IND} meánráta praghais carbóin ualaithe in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC, a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha na suiteála a tháirgeann earraí, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é RC_{DIR} an lacáiste nó an ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí díreacha agus an cineál aisíocaíochta sa roinn seo, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e;

— Is é RC_{IND} an lacáiste nó an ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha agus an cineál aisíocaíochta sa roinn seo, arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona de CO_2e.

3.5. **Ceanglais maidir le fianaise le haghaidh an phraghais carbóin a íocadh**

3.5.1. *Córas Trádála Astaíochtaí*

I gcás ina n-úsáidtear meánphraghas ceantála ualaithe an lamháltais chun an praghas carbóin iomlán a íocann an t-oibreoir i gcóras trádála astaíochtaí i gcomhréir le roinn 3.3.1 a chinneadh, cuimseofar san fhianaise ar an bpraghas carbóin sa tréimhse thuairisciúcháin ábhartha an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) fianaise ar an meánphraghas ceantála ualaithe, arna cur ar fáil ag na húdaráis ábhartha atá freagrach as an gcóras trádála astaíochtaí a riar;

(b) i gcás ina gcuirfidh an córas trádála astaíochtaí an oibleagáid chomhlíontachta ar an oibreoir, iomlán na n-astaíochtaí SPC mar a thuairiscítear agus mar a dheimhnítear faoin gcóras trádála astaíochtaí, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(3), pointí (a) nó (b);

(c) i gcás ina gcuirfidh an córas trádála astaíochtaí an oibleagáid chomhlíontachta ar an oibreoir, fianaise ina mbeidh an méid seo a leanas:

(1) taifid oifigiúla sa chlárlann ar aonaid chomhlíontachta a géilleadh nó taifid ábhartha eile ó údaráis atá freagrach as an gcóras trádála astaíochtaí a bhainistiú ina léirítear líon na n-aonad comhlíontachta a géilleadh chun na hastaíochtaí CPM tuairiscithe agus deimhnithe a chumhdach, nó fianaise a léiríonn nach dtagann an oibleagáid aonaid chomhlíontachta a géilleadh chun bheith dlite ach amháin i dtréimhse thuairiscithe bhliantúil deiridh níos déanaí de thréimhse chomhlíontachta ilbhliantúil;

I gcás ina gcumhdaítear roinnt blianta le timthriall comhlíontachta an chórais trádála astaíochtaí agus ina gceanglaítear lena rialacha go ngéillfear gach aonad comhlíontachta sa bhliain deiridh, taifid oifigiúla ar aonaid chomhlíontachta a géilleadh sa bhliain deiridh sin agus na hastaíochtaí CPM tuairiscithe agus deimhnithe ó bhlianta uile an timthrialla comhlíontachta a chumhdaítear leis na haonaid chomhlíontachta sin;

(2) i gcás ina n-eisítear an tuarascáil deimhniúcháin roimh an sprioc-am chun aonaid le haghaidh comhlíonadh arna bhforordú sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a ghéilleadh tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá fianaise lena ndeimhnítear go bhfuil na hastaíochtaí iomlána SPC dá dtagraítear i bpointe (b) fós bailí agus gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(3), pointí (a) nó (b).

(d) i gcás ina gcuirfidh an córas trádála astaíochtaí an oibleagáid chomhlíontachta go réamhtheachtach ar dháileoir breosla, ar sholáthróir breosla nó ar allmhaireoir, fianaise gur íocadh an praghas carbóin lena n-áirítear fianaise ón dáileoir breosla, ón soláthróir breosla nó ón allmhaireoir, nó fianaise ar phraghas carbóin a íocadh arna fháil ón údarás a bhainistíonn an córas trádála astaíochtaí.

I gcás ina n-úsáidtear an meánphraghas malairte lamháltais ar an margadh tánaisteach aitheanta chun an praghas carbóin iomlán a d'íoc an t-oibreoir faoi chóras trádála astaíochtaí a chinneadh, cuimseofar an fhaisnéis uile seo a leanas san fhianaise ar an bpraghas carbóin sa tréimhse thuairisciúcháin ábhartha:

(a) fianaise ar mheánphraghas malairte foilsithe an aonaid comhlíontachta arna úsáid i gcomhréir le roinn 3.3.1;

(b) fianaise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (b) agus (c), den roinn seo;

I gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir ráta seasta ar féidir lamháltais a cheannach ina aghaidh faoi chóras trádála astaíochtaí, cuimseofar an méid uile seo a leanas i bhfianaise ar an bpraghas carbóin a íocadh sa tréimhse thuairisciúcháin ábhartha:

(a) reachtaíocht lena bhforordaítear an ráta seasta, is infheidhme tráth a thuairiscítear sonraí maidir le praghas carbóin, ar féidir lamháltais a cheannach ina aghaidh;

(b) an cruthúnas ceannaigh, lena n-áirítear an dáta ceannaigh, an líon lamháltas a ceannaíodh agus an praghas ceannaigh iomlán don líon lamháltas;

I gcás ina bhfuil an praghas carbóin iomlán a d'íoc an t-oibreoir i gcóras trádála astaíochtaí bunaithe ar mheánphraghas costais na n-aonad le haghaidh comhlíonadh a ceannaíodh, cuimseofar an méid seo a leanas san fhianaise:

(a) taifid oifigiúla ar an líon aonad le haghaidh comhlíonadh a géilleadh sa chlárlann nó taifid ábhartha eile ó údaráis atá freagrach as an gcóras trádála astaíochtaí a bhainistiú chun na hastaíochtaí SPC tuairiscithe agus deimhnithe a chumhdach;

(b) fianaise ar chainníocht na n-aonad le haghaidh comhlíonadh i gcuntas chlárlann an chórais trádála astaíochtaí ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú, an dáta ceannaigh agus an praghas ceannaithe le haghaidh na n-aonad sin le haghaidh comhlíonadh;

(c) fianaise go bhfuil na haonaid le haghaidh comhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (b) fós bailí ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú;

(d) na hastaíochtaí iomlána SPC arna dtuairisciú agus arna ndeimhniú faoin gcóras trádála astaíochtaí ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(3), pointí (a) nó (b).

I gcás ina gceanglaítear le rialacha córais trádála astaíochtaí ar oibreoir lamháltais a ghéilleadh go páirteach gach bliain agus méid na lamháltas atá fágtha is gá a ghéilleadh chun na hastaíochtaí uile a tuairiscíodh agus a deimhníodh sa bhliain deiridh de thimthriall comhlíontachta ilbhliantúil a chumhdach, cuimseofar an méid seo a leanas san fhianaise ar an bpraghas carbóin a íocadh:

(a) i gcás ina gcumhdaítear leis an tréimhse thuairisciúcháin tréimhse thuairisciúcháin SPC ina ndearnadh lamháltais a ghéilleadh go páirteach, tá an fhianaise dá dtagraítear sa chéad fhomhír infheidhme maidir leis na lamháltais a géilleadh go páirteach le haghaidh na dtréimhsí tuairisciúcháin sin;

(b) i gcás ina gcumhdaíonn an tréimhse thuairisciúcháin an bhliain deiridh inar géilleadh iarmhéid na lamháltas iomlán chun astaíochtaí tuairiscithe agus deimhnithe a mheaitseáil, tá an fhianaise dá dtagraítear sa chéad fhomhír infheidhme maidir leis na lamháltais a géilleadh go hiomlán sa bhliain deiridh sin den timthriall comhlíontachta ilbhliantúil.

3.5.2. *Cáin charbóin*

I gcás ina mbaineann an praghas carbóin le cáin charbóin, cuimseofar san fhianaise sa tréimhse thuairisciúcháin ábhartha an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) an reachtaíocht lena bhforordaítear an ráta cánach carbóin is infheidhme nó, más infheidhme, an ráta cánach carbóin laghdaithe tráth a thuairiscítear sonraí maidir le praghas carbóin, lena n-áirítear modhnuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh le linn na tréimhse tuairisciúcháin;

(b) i gcás inar cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse í an cháin charbóin a chuirtear i bhfeidhm ar astaíochtaí díreacha:

(1) taifid oifigiúla ar an gcáin a íocadh ar chainníocht na n-astaíochtaí, lena n-áirítear fianaise a fuarthas ó na húdaráis chánach;

(2) fianaise ar astaíochtaí SPC arna ndeimhniú agus arna dtuairisciú faoin gcáin charbóin ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(3), pointe (b);

(c) i gcás ina dtoibhítear an cháin charbóin ar bhreosla (cáin charbóin bhreosla-bhunaithe):

(1) fianaise ar an gcáin a íocadh ar chainníocht an bhreosla, lena n-áirítear fianaise ó sholáthróirí breosla nó fianaise a fuarthas ó na húdaráis chánach atá freagrach as an gcáin charbóin;

(2) fianaise ar chainníocht an bhreosla a ídítear a bhfuil feidhm ag an gcáin charbóin bhreosla-bhunaithe maidir leis, lena n-áirítear deimhniú ó údarás an bhreosla a ídítear, nuair a cheanglaítear ar an oibreoir tuarascáil ar an mbreosla a ídítear a chur faoi bhráid an údaráis sin;

(3) fianaise go bhfuil fachtóirí astaíochta a úsáidtear i gcothromóid 3 comhsheasmhach leis na fachtóirí astaíochta dá dtagraítear i roinn 3.3.3.

3.5.3. *Aisíocaíocht*

I gcás ina mbeidh na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh i bhfoirm aisíocaíochta de bhun roinn 3.4, cuimseofar san fhianaise an fhaisnéis seo a leanas:

(a) comhfhreagras oifigiúil leis an údarás atá freagrach as na haisíocaíochtaí a dheonú, lena n-áirítear iarratais ar aisíocaíochtaí ex-post agus formheas an údaráis ar na hiarratais sin;

(b) dearbhú oifigiúil maidir leis an uair a fuarthas nó a dheonófar an aisíocaíocht;

(c) dearbhú oifigiúil ar mhéid na haisíocaíochta dírí a fuarthas nó na haisíocaíochta *ex-post* atá le fáil;

(d) i gcás ina mbeidh sé ar fáil, taifead gur íoc an t-údarás atá freagrach as na haisíocaíochtaí a dheonú an aisíocaíocht dhíreach leis an oibreoir, lena n-áirítear taifid chuntasaíochta airgeadais;

(e) i gcás ina dtoibhítear an praghas carbóin ar leictreachas, an bille leictreachais leis an laghdú creidmheasa nó íocaíochta sonraithe;

(f) i gcás ina bhfuil luach airgeadúil ag na lacáistí nó ag na cineálacha eile cúitimh nach mór a chur san áireamh i gcuntais airgeadais bhliantúla nó i gcláir chomhardaithe bhliantúla, ráitis ó iniúchóirí airgeadais cáilithe nó ó thuarascálacha foirmiúla ar bhainistíocht airgeadais.

3.5.4. *Creidmheasanna carbóin*

I gcás ina n-íoctar an praghas carbóin go páirteach trí chreidmheasanna carbóin a úsáid, cuimseofar san fhianaise ar chreidmheasanna carbóin a úsáideadh sa tréimhse thuairisciúcháin ábhartha an fhaisnéis uile seo a leanas:

(a) taifid oifigiúla ar an líon creidmheasanna carbóin a géilleadh sa chlárlann nó taifid ábhartha eile ó údaráis atá freagrach as an gcóras trádála astaíochtaí nó as an gcáin charbóin a bhainistiú chun na hastaíochtaí SPC tuairiscithe agus deimhnithe a chumhdach a úsáidtear mar pharaiméadar chun an praghas carbóin a íocadh iarbhír a shuí i gcomhréir le roinn 3.3.4;

(b) taifead oifigiúil ar na hastaíochtaí iomlána arna ndeimhniú agus arna dtuairisciú faoin sásra um praghsáil carbóin lena n-áirítear taifead maidir le cén chuid de na creidmheasanna carbóin astaíochtaí sin a úsáideadh chun na hoibleagáidí comhlíontachta faoin gcóras trádála astaíochtaí nó faoin gcáin charbóin a chomhlíonadh;

(c) i gcás inar cheannaigh na hoibreoirí na creidmheasanna carbóin, fianaise ar chainníocht cheannaithe na gcreidmheasanna carbóin, an dáta ceannaigh agus an praghas ceannaithe le haghaidh na gcreidmheasanna carbóin sin;

(d) i gcás nár cheannaigh an t-oibreoir na creidmheasanna carbóin, fianaise ar chainníocht na gcreidmheasanna carbóin a fuair an t-oibreoir agus fianaise go bhfuil praghas an chreidmheasa carbóin bunaithe ar phraghsanna margaidh atá ar fáil go poiblí;

(e) i gcás ina n-úsáidtear creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta, cuirtear fianaise ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:

(1) aistríodh na creidmheasanna carbóin mar Thorthaí Maolaithe a Aistríodh go hIdirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6.2 de Chomhaontú Pháras, agus i gcomhréir leis an sainmhíniú ar an gcéad aistriú a shonraítear sa Litir Údaraithe lena mbaineann atá ar an Ardán Láraithe Cuntasaíochta agus Tuairiscithe (CARP) a bunaíodh le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('UNFCCC'), lena n-áirítear creidmheasanna carbóin a eisítear faoi Airteagal 6.4 de Chomhaontú Pháras bunaithe ar a gclárú i gclárlann Shásra UNFCCC mar Laghduithe Astaíochtaí a údaraítear le haghaidh aistriú idirnáisiúnta;

(2) níor sainaithníodh aon neamhréireacht mhór, arna cinneadh ag athbhreithneoirí saineolaithe teicniúla Airteagal 6 i gcomhréir le cinntí UNFCCC maidir le hathbhreithnithe Airteagal 6, i dtuarascáil athbhreithnithe na saineolaithe teicniúla ar an tuarascáil tosaigh is déanaí ná sa tuarascáil tosaigh nuashonraithe maidir leis an gcur chuige comhoibritheach ábhartha atá ar fáil ar CARP; agus

(3) sciar na gcreidmheasanna carbóin idirnáisiúnta; níl sé níos mó ná 10 % d'astaíochtaí tuairiscithe agus deimhnithe na suiteála a chumhdaítear le sásra um praghsáil carbóin an tríú tír a úsáidtear chun an praghas carbóin a íocadh go héifeachtach i gcomhréir le roinn 3.3.4 a shuí.

4. ASTAÍOCHTAÍ SPC A SHANNADH D'EARRAÍ

Sannfar na astaíochtaí CPM do gach earra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus le hIarscríbhinní I agus III a ghabhann leis an Rialachán sin trí na gníomhaíochtaí i ranna 4.1 agus 4.2 a dhéanamh.

I gcomhair an tsannta; úsáidfear na hastaíochtaí iomlána SPC ó shuiteáil a tháirgeann earraí a thuairiscítear agus a dheimhnítear faoi cheanglais dhlínse an tsásra um praghsáil carbóin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15(3).

I gcás nach ionann raon feidhme na n-astaíochtaí a chumhdaítear le sásra um praghsáil carbóin agus raon feidhme na n-astaíochtaí leabaithe faoi na teorainneacha córais is infheidhme maidir le hastaíochtaí leabaithe a chinneadh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, déanfaidh an t-oibreoir na raonta feidhme sin a réiteach agus gan ach na hastaíochtaí SPC a thagann faoi na teorainneacha córais is infheidhme a shannadh.

De mhaolú ar an dara fomhír, i gcás inar cáin charbóin bhreosla-bhunaithe é an sásra um praghsáil carbóin, díorthaítear na hastaíochtaí iomlána SPC trí úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí díreacha:

$$EM_SPC_{DIR} = \sum_{f=1}^{n}(Q_{FUEL_f} \times DEF_f) \qquad \text{(cothromóid 7a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí SPC le hastaíochtaí indíreacha:

$$EM_SPC_{IND} = \sum_{f=1}^{n}(Q_{FUEL_f} \times DEF_f) \qquad \text{(cothromóid 7b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é EM_CPM_{DIR} astaíochtaí iomlána SPC na suiteála faoi shásra um praghsáil carbóin aonair a bhaineann le hastaíochtaí díreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_CPM_{IND} astaíochtaí iomlána SPC na suiteála faoi shásra um praghsáil carbóin aonair a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é Q_{FUELf} cainníocht an bhreosla *f* a ídíodh ag an tsuiteáil i dtréimhse thuairisciúcháin SPC agus atá faoi réir praghas carbóin, arna shloinneadh in aonaid bhreosla;

— Is é DEF_f an fachtóir astaíochtaí réamhshocraithe atá ábhartha don bhreosla *f* a ídítear, arna shloinneadh ina thonaí de CO_2e/aonad breosla;

— Is é $\Sigma_{f=1}^{n}$ suim na n-astaíochtaí atá inchurtha i leith na mbreoslaí éagsúla atá faoi réir na cánach carbóin sonraí.

Beidh an fachtóir astaíochta réamhshocraithe i gcothromóid 7a agus 7b comhsheasmhach leis an bhfachtóir astaíochta réamhshocraithe a úsáidtear i gcothromóid 3a agus 3b agus leis na rialacha is infheidhme maidir leis an bhfachtóir astaíochta sin i roinn 3.3.3.

I gcás ina mbaineann astaíochtaí SPC le réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil agus a úsáidtear chun earra a tháirgeadh, déanfar na céimeanna a leagtar amach i ranna 4.1 agus 4.2.

4.1. **Astaíochtaí SPC a shannadh laistigh den tréimhse thuairisciúcháin**

Déanfar cainníocht iomlán astaíochtaí SPC a roinnt idir na hastaíochtaí sin a thagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin agus na hastaíochtaí sin a thagann lasmuigh den tréimhse thuairisciúcháin sin trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí díreacha:

$$EM_{DIR} = EM_CPM_{DIR} - EM_{nRP_DIR} \quad \text{(cothromóid 8a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí indíreacha:

$$EM_{IND} = EM_CPM_{IND} - EM_{nRP_IND} \quad \text{(cothromóid 8b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é EM_{DIR} astaíochtaí díreacha iomlána na suiteála a thagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_{IND} astaíochtaí indíreacha iomlána na suiteála a thagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_CPM_{DIR} astaíochtaí iomlána SPC na suiteála a bhaineann le hastaíochtaí díreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_CPM_{IND} astaíochtaí iomlána SPC na suiteála a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_{nRP_DIR} astaíochtaí díreacha iomlána na suiteála nach dtagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é EM_{nRP_IND} astaíochtaí indíreacha iomlána na suiteála nach dtagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e.

An bhliain tagartha a úsáidfear chun a chinneadh an dtagann astaíochtaí SPC laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú, is éard a bheidh sa bhliain tagartha sin an tréimhse thuairisciúcháin dá dtagraítear sa tuarascáil maidir le hastaíochtaí arna fíorú ag an bhfíoraitheoir i gcomhréir le hIarscríbhinn II, roinn 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551.

I gcás nach ionann tréimhse thuairisciúcháin SPC agus an tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú, úsáidfidh an t-oibreoir na sonraí ábhartha maidir le hastaíocht SPC ó dhá thréimhse thuairisciúcháin SPC as a chéile agus sannfaidh sé na sonraí sin don tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, bunaithe ar faireachán míosúil ar a laghad.

4.2. **Na hastaíochtaí iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shannadh do gach earra**

Déanfar na hastaíochtaí díreacha iomlána agus na hastaíochtaí indíreacha iomlána a chumhdaítear leis an sásra um praghsáil carbóin agus laistigh den tréimhse thuairisciúcháin (EM_{DIR} nó EM_{IND}) a shannadh ar leithligh do gach earra ar leibhéal an chóid AC agus na céimeanna céanna á leanúint agus astaíochtaí leabaithe á sannadh do gach earra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis. Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist leis an sannadh sin:

(a) Sannfar EM_{DIR} nó EM_{IND} do theorainneacha córais phróisis táirgthe gach earra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis;

(b) déanfar astaíochtaí díreacha agus indíreacha dá dtagraítear i bpointe (a) a shannadh ar leithligh do gach cód AC den earra i gcomhréir le hIarscríbhinn I i gcomhar le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

Agus na hastaíochtaí indíreacha iomlána a chumhdaítear leis an sásra um praghais carbóin á sannadh do gach earra, ní chuirfear na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2023/956 san áireamh.

Chun críoch phointe (b), sloinnfear na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha a shanntar in aonaid fheidhmiúla le haghaidh gach cóid AC i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

Na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shloinntear in aonaid fheidhmiúla, déanfar iad a shannadh ar leithligh do chainníocht táirgeachta gach tona d'earraí le haghaidh gach cóid AC mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí díreacha:

$$EM_{DIR_g} = EM_{DIR_FU_g}/FUF_g \qquad \text{(cothromóid 9a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí indíreacha:

$$EM_{IND_g} = EM_{IND_FU_g}/FUF_g \qquad \text{(cothromóid 9b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é EM_{DIRg} na hastaíochtaí díreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin atá inchurtha i leith chainníocht na táirgeachta earra *g*, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra;

— Is é EM_{INDg} na hastaíochtaí indíreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin atá inchurtha i leith chainníocht na táirgeachta earra *g*, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra;

— Is é EM_{DIR_FUg} na hastaíochtaí díreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, atá inchurtha i leith chainníocht na táirgeachta, arna sloinneadh in tCO_2e in aghaidh an aonaid fheidhmiúil maidir le gach earra *g* i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

— Is é EM_{IND_FUg} na hastaíochtaí indíreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, atá inchurtha i leith chainníocht na táirgeachta, arna sloinneadh in tCO_2e in aghaidh an aonaid fheidhmiúil maidir le gach cód AC i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

— Is é FUF_g an fachtóir aonaid fheidhmiúil is infheidhme maidir le gach earra g chun cion an aonaid fheidhmiúil in aghaidh an tona d'earraí a chinneadh, mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

I gcás inar tona earra é an t-aonad feidhmiúil, is é 1 an fachtóir aonaid fheidhmiúil. I gcás nach dtáirgeann an tsuiteáil ach leictreachas mar earra a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, is é 1 an t-aonad feidhmiúil. Déanfaidh an t-oibreoir aonad feidhmiúil an leictreachais a thiontú ina MWh.

I gcás inar tonaí de chion clincir iad aonaid fheidhmiúla na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus i gcás inar tonaí de chion nítrigine iad aonaid fheidhmiúla na leasachán dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin nó an t-aonad forlíontach kg de chion nítrigine agus i gcás ina ndéantar na hearraí sin a thráchtálú i raonta éagsúla comhdhéanaimh, sannfar na hastaíochtaí díreacha nó indíreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin ar leithligh do gach raon comhdhéanaimh nó do gach comhdhéanamh sonrach i gcomhréir le roinn B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Sa chás sin, cuirfear san áireamh leis an bhfachtóir aonaid fheidhmiúil an chionmhaireacht de chion clincir san earra dá dtagraítear in Airteagal 4(5) den Rialachán sin agus na cionmhaireachtaí éagsúla de chion nítrigine san earra dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin.

4.3. **Fianaise ar an tréimhse thuairisciúcháin is infheidhme agus ar shannadh na n-earraí**

I gcás nach ionann tréimhse thuairisciúcháin SPC agus an tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, is éard a bheidh san fhianaise sonraí maidir le hastaíochtaí SPC, ó thuairisciú míosúil ar a laghad, arna dtógáil ón tacar sonraí le haghaidh dhá thréimhse thuairisciúcháin SPC as a chéile a shanntar don tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin.

Fianaise ar shannadh astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha do chód AC gach earra mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, agus ar an aonad feidhmiúil le haghaidh gach cóid AC agus ar chainníocht na táirgeachta do gach cód AC an earra, beidh sí comhsheasmhach leis an sannadh i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus III a ghabhann leis an Rialachán sin, agus cuimseofar an méid seo a leanas inti:

(a) fianaise i ndoiciméadacht an phraghais carbóin go bhfuil sannadh sonraí maidir le praghas carbóin do gach earra i gcomhréir leis an gcur chuige maidir le hastaíochtaí leabaithe a shannadh sa tuarascáil maidir le hastaíochtaí arna fíorú ag an bhfíoraitheoir i gcomhréir le hIarscríbhinn II, roinn 2 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551;

(b) taifid inmheánacha ábhartha chun gur féidir seiceálacha inchreidteachta a dhéanamh ar iontaofacht na sonraí a liostaítear in Airteagal 14;

(c) i gcás ina mbaineann an sannadh le réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil agus i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 15(2), tuarascáil an oibreora dheimhnithe ar phraghas carbóin agus tuarascáil deimhniúcháin chomhfhreagrach na suiteála a tháirg na réamhtheachtaithe.

5. LACÁISTÍ NÓ CINEÁLACHA EILE CÚITIMH AR ASTAÍOCHTAÍ A SHANNADH D'EARRAÍ

I gcás gach sásra um praghsáil carbóin, déanfar cainníocht na n-astaíochtaí a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí a chinneadh i gcomhréir le ranna 5.1 agus 5.2. Cuimseofar an méid seo a leanas ar na hastaíochtaí a bhaineann leis na lacáistí sin nó le cineálacha eile cúitimh:

(a) astaíochtaí a bhaineann le lamháltais saor in aisce a fhaigheann an t-oibreoir agus nár íocadh aon phraghas carbóin ina leith;

(b) astaíochtaí atá faoi bhun bunlíne déine astaíochtaí atá díolmhaithe ó phraghas carbóin a íoc faoi chóras trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa;

(c) astaíochtaí atá faoi bhun tairseach nach bhfuil aon phraghas carbóin dlite fúithi;

(d) astaíochtaí atá díolmhaithe ó phraghas carbóin a íoc ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (c).

5.1. **Cainníocht an lacáiste nó cineál eile cúitimh ar astaíochtaí is infheidhme maidir leis an tréimhse thuairisciúcháin a chinneadh**

Maidir le gach sásra um praghsáil carbóin, déanfar cainníocht na n-astaíochtaí a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh, dá dtagraítear sa chéad fhomhír de roinn 5, a roinnt idir na hastaíochtaí sin a bhaineann le lacáistí agus cineálacha eile cúitimh atá laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú agus na hastaíochtaí sin atá lasmuigh den tréimhse thuairisciúcháin sin. Chun na críche sin:

(a) úsáidtear an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí díreacha:

$$Rebated_EM_{DIR} = Rebated_EM_CPM_{DIR} - Rebated_EM_{nRP_DIR} \qquad \text{(cothromóid 10a)}$$

(b) úsáidtear an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí indíreacha:

$$Rebated_EM_{IND} = Rebated_EM_CPM_{IND} - Rebated_EM_{nRP_IND} \qquad \text{(cothromóid 10b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $Rebated_EM_{DIR}$ na hastaíochtaí díreacha a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh a thagann laistigh den tréimhse thuairiscithe arna sloinneadh ina dtonaí CO_2e;

— Is é $Rebated_EM_{IND}$ na hastaíochtaí indíreacha a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh a thagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é $Rebated_EM_CPM_{DIR}$ astaíochtaí iomlána SPC na suiteála a bhaineann le hastaíochtaí díreacha agus a bhaineann le lacáistí agus cineálacha eile cúitimh, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é $Rebated_EM_CPM_{IND}$ astaíochtaí iomlána SPC na suiteála a bhaineann le hastaíochtaí díreacha agus a bhaineann le lacáistí agus cineálacha eile cúitimh, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é *Rebated_EM_CPM*$_{nRP_DIR}$ na hastaíochtaí díreacha a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh nach dtagann laistigh den tréimhse thuairiscithe, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e;

— Is é *Rebated_EM*$_{nRP_IND}$ na hastaíochtaí indíreacha a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh nach dtagann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e.

Sannfaidh an t-oibreoir astaíochtaí a bhaineann le lacáistí agus cineálacha eile cúitimh ó dhá thréimhse thuairisciúcháin SPC as a chéile sna comhréireanna céanna agus a shanntar astaíochtaí faoi roinn 4.1 chun an tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú a mheaitseáil.

5.2. **Lacáistí nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí a shannadh do gach earra**

Déanfar na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí díreacha nó indíreacha, arna gcinneadh i gcomhréir le roinn 5.1, a shannadh ar leithligh do gach earra ar leibhéal an chóid AC ag leanúint na gcéimeanna céanna a bhaineann le hastaíochtaí leabaithe a shannadh do gach earra i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547. Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist leis an sannadh sin:

(a) Sannfar *Rebated_EM*$_{DIR}$ agus *Rebated_EM*$_{IND}$ do theorainneacha córais phróisis táirgthe gach earra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis;

(b) déanfar lacáistí nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) (*Rebated_EM*$_{DIR}$ agus *Rebated_EM*$_{IND}$) a shannadh do gach cód AC den earra i gcomhréir le hIarscríbhinn I i gcomhar le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

Agus na lacáistí indíreacha nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí á sannadh do gach earra, ní chuirfear na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2023/956 san áireamh.

Chun críoch phointe (b), sloinnfear na lacáistí sannta nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí in aonaid fheidhmiúla le haghaidh gach cóid AC i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

Déanfar na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shloinntear in aonaid fheidhmiúla a shannadh do chainníocht táirgeachta gach tona d'earraí le haghaidh gach cóid AC mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, agus úsáid á baint as:

(a) an chothromóid seo a leanas le haghaidh astaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí díreacha:

$$Rebated_EM_{DIRg} = Rebated_EM_{FU_DIR_g} / \ FUF_g \qquad \text{(cothromóid 11a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas le haghaidh astaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí indíreacha:

$$Rebated_EM_{INDg} = Rebated_EM_{FU_IND_g} / \ FUF_g \qquad \text{(cothromóid 11b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é *Rebated_EM*$_{DIRg}$ an lacáiste nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí díreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona d'earraí in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh ina thona de CO_2e in aghaidh gach tona earraí;

— Is é *Rebated_EM*$_{INDg}$ an lacáiste nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí indíreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona earraí in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh ina thona de CO_2e in aghaidh gach tona earraí;

— Is é *Rebated_EM*$_{FU_DIRg}$ na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí díreacha laistigh den tréimhse thuairiscithe, a shanntar do chainníocht na táirgeachta, a shloinntear san aonad feidhmiúil le haghaidh gach cóid AC i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

— Is é $Rebated_EM_{FU_IND_g}$ na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí indíreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin, a shanntar do chainníocht na táirgeachta, a shloinntear san aonad feidhmiúil le haghaidh gach cóid AC i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

— Is é FUF_g an fachtóir aonaid fheidhmiúil is infheidhme maidir le gach earra chun cion an aonaid fheidhmiúil in aghaidh an tona d'earraí a chinneadh, mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

I gcás inar tona earra é an t-aonad feidhmiúil, is é 1 an fachtóir aonaid fheidhmiúil.

I gcás inar tonaí de chion clincir iad aonaid fheidhmiúla na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 agus i gcás inar tonaí de chion nítrigine iad aonaid fheidhmiúla na leasachán dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin nó an t-aonad forlíontach kg de chion nítrigine agus ina ndéantar na hearraí sin a thráchtálú i raonta éagsúla comhdhéanaimh, déanfar na lacáistí díreacha nó indíreacha nó foirmeacha eile cúitimh ar astaíochtaí laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shannadh ar leithligh do gach raon comhdhéanaimh nó comhdhéanamh sonrach, i gcomhréir le roinn B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Sa chás sin, cuirfear san áireamh leis an bhfachtóir aonaid fheidhmiúil an chionmhaireacht de chion clincir san earra dá dtagraítear in Airteagal 4(5) den Rialachán sin agus na cionmhaireachtaí éagsúla de chion nítrigine san earra dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin.

5.3. **Fianaise ar lacáistí nó ar chineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí**

Soláthróidh an t-oibreoir an fhianaise seo a leanas ar a laghad don duine neamhspleách maidir le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh:

(a) i gcás inar liúntais saor in aisce iad na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh:

(1) na hiarratais ar lamháltais saor in aisce arna gcur isteach ag an oibreoir chuig an údarás atá freagrach as lamháltais a eisiúint agus cinntí oifigiúla na n-údarás sin lena bhformheastar eisiúint lamháltas saor in aisce chuig an oibreoir nó leithdháiltí lamháltas saor in aisce arna bhfoilsiú go lárnach ag an údarás freagrach;

(2) doiciméid ina dtaispeántar méid na lamháltas saor in aisce arna ndeonú ag an rialtóir don tsuiteáil laistigh de thréimhse ar leith nó táblaí leithdháilte saor in aisce arna bhfoilsiú ag an rialtóir ina dtaispeántar méid na lamháltas saor in aisce arna ndeonú do shuiteáil;

(3) fianaise ar dháta eisiúna na lamháltas saor in aisce, lena n-áirítear, más ábhartha, comhfhreagras leis an údarás atá freagrach as liúntais a dheonú;

(b) i gcás inarb é atá sna lacáistí nó sna cineálacha eile cúitimh astaíochtaí atá faoi bhun bunlíne déine astaíochtaí agus atá díolmhaithe ó phraghas carbóin a íoc:

(1) reachtaíocht is infheidhme lena leagtar síos an bhonnlíne is infheidhme faoin sásra um praghsáil carbóin;

(2) litir nó ráiteas ón údarás atá freagrach as na lacáistí nó as cineálacha eile cúitimh lena ndeimhnítear méid na n-astaíochtaí faoin mbunlíne agus na lacáistí nó cineál eile cúitimh a dheonaítear don oibreoir chomh maith lena gcainníocht agus a dtréimhse cur i bhfeidhm;

(c) i gcás inar astaíochtaí atá díolmhaithe ó phraghas carbóin a íoc iad na lacáistí nó na cineálacha eile cúitimh toisc go bhfuil siad faoi bhun tairsí nach bhfuil aon phraghas carbóin dlite fúithi nó cúiseanna eile dá dtagraítear i bpointe (d) sa chéad fhomhír de roinn 5:

(1) reachtaíocht is infheidhme lena leagtar síos an díolúine shonrach ó phraghas carbóin a íoc faoin sásra um praghsáil carbóin;

(2) litir nó ráiteas ón údarás atá freagrach as na lacáistí nó as cineálacha eile cúitimh ina léireofar cainníocht na lacáistí nó na gcineálacha eile cúitimh a dheonaítear don oibreoir agus a dtréimhse cur i bhfeidhm.

6. SANNADH AN PHRAGHAIS CARBÓIN A ÍOCADH IARBHÍR LE hAGHAIDH SAINASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE I nGACH EARRA

I gcás gach sásra um praghsáil carbóin aonair, sannfar an praghas carbóin a íocadh iarbhír do na sainastaíochtaí leabaithe seo a leanas i gcomhréir le roinn 6.1:

(a) na hastaíochtaí díreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar i gcomhréir le roinn 4.2 do chainníocht táirgeachta gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra nó in aghaidh MWh;

(b) na hastaíochtaí indíreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar i gcomhréir le roinn 4.2 do chainníocht na táirgeachta do gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra;

(c) na hastaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a bhaineann le réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil i gcomhréir le ranna 6.2 agus 6.3.

6.1. **An praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe a bhaineann le hearraí a chinneadh**

Déanfar an praghas carbóin a íoctar iarbhír a shannadh do gach tona d'earra trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin a íoctar iarbhír le hastaíochtaí díreacha:

$$EFF_CP_{DIR_g} = (EM_{DIR_g} - Rebated_EM_{DIR_g}) \times EFF_CP_{DIR} \qquad \text{(cothromóid 12a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin a íoctar iarbhír le hastaíochtaí indíreacha:

$$EFF_CP_{IND_g} = (EM_{IND_g} - Rebated_EM_{IND_g}) \times EFF_CP_{IND} \qquad \text{(cothromóid 12b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é EFF_CP_{DIRg} an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí díreacha), arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona d'earraí;

— Is é EFF_CP_{INDg} an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí indíreacha), arna shloinneadh mar phraghas in aghaidh an tona d'earraí;

— Is é EM_{DIRg} na hastaíochtaí díreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, i gcomhréir le roinn 4, arna sloinneadh ina dtona de CO_2e in aghaidh an tona d'earra;

— Is é EM_{INDg} na hastaíochtaí indíreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin atá inchurtha le cainníocht táirgeachta gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, i gcomhréir le roinn 4, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra;

— Is é $Rebated_EM_{DIRg}$ an lacáiste nó cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí díreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona d'earraí in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh ina thona de CO_2e in aghaidh an tona d'earraí;

— Is é $Rebated_EM_{INDg}$ an lacáiste nó na cineálacha eile cúitimh ar astaíochtaí indíreacha laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona earraí in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh ina thona de CO_2e in aghaidh an tona d'earraí;

— Is é EFF_CP_{DIR} an praghas carbóin iarbhír a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a chumhdaítear le hastaíochtaí díreacha, arna chinneadh i gcomhréir le roinn 3.4;

— Is é EFF_CP_{IND} an praghas carbóin iarbhír a íoctar in aghaidh an tona d'astaíochtaí SPC a chumhdaítear le hastaíochtaí indíreacha, arna chinneadh i gcomhréir le roinn 3.4.

I gcás nach dtáirgeann an tsuiteáil leictreachas ach mar earra a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, sloinntear EM_{DIRg} mar thona de CO_2e in aghaidh MWh.

6.2. **An praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás astaíochtaí SPC a shanntar do réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil a chinneadh**

I gcás inar bunaíodh tuarascáil deimhniúcháin chun an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí i gcomhréir le hAirteagal 15(2) a dheimhniú, úsáidfidh an t-oibreoir a tháirgeann na hearraí an praghas carbóin deimhnithe a íoctar iarbhír le haghaidh gach réamhtheachtaí a chuimsítear i dtuarascáil an oibreora dheimhnithe sin ar phraghas carbóin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 15(2).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-oibreoir an praghas carbóin réamhshocraithe ábhartha a úsáid le haghaidh sainastaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil, tar éis an praghas carbóin réamhshocraithe sin arna shloinneadh in aghaidh an tona de CO2e a thiontú go dtí an praghas comhfhreagrach in aghaidh an tona de réamhtheachtaí, bunaithe ar astaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí sin.

I gcás suiteáil a tháirgeann earraí coimpléascacha agus a d'úsáid réamhtheachtaithe ó sholáthróirí éagsúla, cinnfear meánphraghas carbóin iarbhír ualaithe trí úsáid a bhaint as:

(a) an fhoirmle seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin le hastaíochtaí díreacha:

$$Avg(€EFF_CP_{DIR_p}) = \frac{\Sigma_{i=1}^{n} (Q_{p,i} \times €EFF_CP_{DIR_{p,i}})}{\Sigma_{i=1}^{n} (Q_{p,i})} \quad \text{(cothromóid 13a)}$$

(b) an fhoirmle seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin le hastaíochtaí indíreacha:

$$Avg(€EFF_CP_{IND_p}) = \frac{\Sigma_{i=1}^{n} (Q_{p,i} \times €EFF_CP_{IND_{p,i}})}{\Sigma_{i=1}^{n} (Q_{p,i})} \quad \text{(cothromóid 13b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $€EFF_CP_{DIR_{p,i}}$ an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí díreacha) réamhtheachtaí *p* den chineál céanna a cheannaítear ó sholáthróir aonair *i*, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaí;

— Is é $€EFF_CP_{IND_{p,i}}$ an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí indíreacha) réamhtheachtaí *p* den chineál céanna a cheannaítear ó sholáthróir aonair *i*, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaí;

— Is é $Avg(€EFF_CP_{DIR_p})$ an meánphraghas ualaithe carbóin a íoctar iarbhír, i gcás astaíochtaí díreacha na réamhtheachtaithe uile den chineál céanna *p* ó gach soláthróir éagsúil a sholáthraíonn na réamhtheachtaithe sin, leis an tsuiteáil ina dtáirgtear an t-earra coimpléascach, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil;

— Is é $Avg(€EFF_CP_{IND_p})$ an meánphraghas ualaithe carbóin a íoctar iarbhír i gcás astaíochtaí indíreacha na réamhtheachtaithe uile den chineál céanna ó gach soláthróir éagsúil leis an tsuiteáil ina dtáirgtear an t-earra coimpléascach, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaí a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil;

— Is é $Q_{p,i}$ an chainníocht den chineál céanna réamhtheachtaí *p* a ídítear, ar réamhtheachtaí é a ceannaíodh ó sholáthróir *i;*

— Is é $\Sigma_{i=1}^{n}$ an líon soláthróirí *i* de réamhtheachtaí ón gcineál céanna ó 1 go *n*.

Cainníocht an réamhtheachtaí den chineál céanna arna táirgeadh ag soláthróirí éagsúla ($Q_{p,i}$) a úsáidtear i dtáirgeadh an earra choimpléascaigh, beidh sí comhsheasmhach leis an gcainníocht a thuairiscítear chun astaíochtaí leabaithe an earra sin a ríomh sa tuarascáil astaíochtaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2025/2547.

6.3. **An praghas carbóin a íoctar iarbhír ar réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil a shannadh do na hearraí táirgthe**

Déanfar an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil a shannadh do chainníocht gach earra trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin le hastaíochtaí díreacha:

$$EFF_CP_{DIR_PREg} = \Sigma_{p=1}^{n}\left(Q_p \times Avg(€EFF_CP_{DIR_p})/Q_{TOTg}\right) \quad \text{(cothromóid 14a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás ina mbaineann an praghas carbóin le hastaíochtaí indíreacha:

$$EFF_CP_{IND_PREg} = \Sigma_{p=1}^{n}\left(Q_p \times Avg(€EFF_CP_{IND_p})/Q_{TOTg}\right) \quad \text{(cothromóid 14b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $EFF_CP_{DIR_PREg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí díreacha) réamhtheachtaí a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil agus a ídítear i dtáirgeadh gach earra *g*, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona d'earra;

— Is é $EFF_CP_{IND_PREg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe (astaíochtaí indíreacha) réamhtheachtaí p a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil agus a ídítear i dtáirgeadh gach earra *g*, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona d'earra;

— Is é Q_p cainníocht iomlán an réamhtheachtaí *p* a ídítear i bpróiseas táirgthe an earra sa tréimhse thuairisciúcháin, mar a shonraítear i dtuarascáil fhíoraithe an oibreora maidir le hastaíochtaí i gcomhréir le roinn 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547, arna sloinneadh ina tona de réamhtheachtaí;

— Is é $Avg(€EFF_CP_{DIRp})$ an meánphraghas ualaithe carbóin a íoctar iarbhír, i gcás astaíochtaí díreacha na réamhtheachtaithe uile den chineál céanna *p* ó gach soláthróir éagsúil, leis an tsuiteáil ina dtáirgtear an t-earra coimpléascach, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaithe;

— Is é $Avg(€EFF_CP_{INDp})$ an meánphraghas ualaithe carbóin a íoctar iarbhír i gcás astaíochtaí indíreacha na réamhtheachtaithe uile den chineál céanna *p* ó gach soláthróir éagsúil leis an tsuiteáil ina dtáirgtear an t-earra coimpléascach, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona de réamhtheachtaí;

— Is é Q_{TOTg} táirgeadh iomlán gach earra den tsuiteáil ann laistigh den tréimhse thuairisciúcháin mar a shonraítear i dtuarascáil fhíoraithe an oibreora maidir le hastaíochtaí i gcomhréir le roinn 1, pointe 34, fophointe (a), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

7. COMHSHÓ GO EURO AGUS COMHIOMLÁNÚ AN PHRAGHAIS CARBÓIN IOMLÁIN A ÍOCADH IARBHÍR

An praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus astaíochtaí indíreacha a bhaineann le hearraí mar a chinntear i gcomhréir le roinn 6.1, déanfar é a chomhshó go euro i gcomhréir le roinn 7.1.

I gcás gach sásra um praghsáil carbóin, cuirfear an praghas carbóin iomlán sin arna chomhshó go euro i gcomhréir le roinn 7.1 leis an bpraghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus astaíochtaí indíreacha a bhaineann le réamhtheachtaithe arna gcinneadh i gcomhréir le ranna 6.2 agus 6.3 chun an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe iomlána earraí agus réamhtheachtaithe a chinneadh i gcomhréir le roinn 7.2.

Déanfar an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe iomlána a chomhiomlánú ina dhiaidh sin go dtí an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír faoi na sásraí uile um praghsáil carbóin a bhfuil astaíochtaí leabaithe an earra faoina réir, i gcomhréir le roinn 7.3.

7.1. **An praghas carbóin a íoctar iarbhír a chomhshó go euro**

An praghas carbóin a chinntear i gcomhréir le roinn 6.1 agus a íoctar iarbhír in airgeadra na dlínse áitiúla, comhshófar go euro é ag an meánráta malairte bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 6 trí úsáid a bhaint as:

(a) an chothromóid seo a leanas i gcás inar bhain an praghas carbóin a íoctar iarbhír le hastaíochtaí díreacha:

$$€EFF_CP_{DIR_g} = EFF_CP_{DIR_g} \times €XR \qquad \text{(cothromóid 15a)}$$

(b) an chothromóid seo a leanas i gcás inar bhain an praghas carbóin a íoctar iarbhír le hastaíochtaí indíreacha:

$$€EFF_CP_{IND_g} = EFF_CP_{IND_g} \times €XR \qquad \text{(cothromóid 15b)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $€EFF_CP_{DIRg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe díreacha a bhaineann le gach earra *g* arna chinneadh i gcomhréir le roinn 6.1, arna shloinneadh mar phraghas in euro in aghaidh an tona d'earra;

— Is é $€EFF_CP_{INDg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe indíreacha a bhaineann le gach earra *g* arna chinneadh i gcomhréir le roinn 6.1, arna shloinneadh mar phraghas in euro in aghaidh an tona d'earra;

— Is é EFF_CP_{DIRg} an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe díreacha a bhaineann le gach earra *g* arna chinneadh i gcomhréir le roinn 6.1, arna shloinneadh mar phraghas in euro in aghaidh an tona d'earraí;

— Is é EFF_CP_{INDg} an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe indíreacha a bhaineann le gach earra *g* arna chinneadh i gcomhréir le roinn 6.1, arna shloinneadh mar phraghas in euro in aghaidh an tona d'earraí;

— Ciallaíonn $€XR$ an meánráta malairte bliantúil atá le húsáid chun an t-airgeadra áitiúil a chomhshó go euro, arna shloinneadh mar euro in aghaidh an aonaid airgeadra áitiúil.

I gcás nach dtáirgeann an tsuiteáil leictreachas ach mar earra a shonraítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2023/956, sloinntear $€EFF_CP_{DIRg}$ mar phraghas carbóin a íoctar iarbhír in euro in aghaidh MWh.

7.2. **Comhiomlánú an phraghais carbóin iomláin a íoctar iarbhír ar astaíochtaí díreacha, indíreacha agus réamhtheachtaithe earra**

An praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás na sainastaíochtaí leabaithe iomlána, cinnfear é trí úsáid a bhaint as an gcothromóid seo a leanas:

$$€EFF_CP_g = €EFF_CP_{DIRg} + €EFF_CP_{IND_g} + €EFF_CP_{PREg} \qquad \text{(cothromóid 16)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $€EFF_CP_g$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás na sainastaíochtaí leabaithe iomlána a bhaineann le gach earra, lena gcumhdaítear astaíochtaí díreacha, indíreacha agus réamhtheachtacha, arna shloinneadh i bpraghas (euro) in aghaidh an tona d'earra;

— Is é $€EFF_CP_{DIRg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír in euro i gcás na n-astaíochtaí díreacha a bhaineann le gach tona d'earra;

— Is é $€EFF_CP_{INDg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír in euro i gcás na n-astaíochtaí indíreacha a bhaineann le gach tona d'earra;

— Is é $€EFF_CP_{PREg}$ an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás na sainastaíochtaí leabaithe, lena gcumhdaítear na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha araon a bhaineann leis an réamhtheachtaí a ídítear i dtáirgeadh gach tona d'earra.

7.3. **Comhiomlánú an phraghais carbóin a íocadh go héifeachtach as sainastaíochtaí leabaithe atá faoi réir roinnt sásraí praghais carbóin**

Cinnfear an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe atá faoi réir gach sásra um praghsáil carbóin trí úsáid a bhaint as an gcothromóid seo a leanas:

$$(TOTAL)\ €EFF_CP_g = \Sigma_{i=1}^{n}(€EFF_CP_{g,i}) \qquad \text{(cothromóid 17)}$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Is é $TOTAL\ €EFF_CP_g$ suim an phraghais carbóin iomláin a íoctar iarbhír in euro i gcás gach earra lena gcumhdaítear na sásraí uile um praghsáil carbóin *i* is infheidhme maidir leis an earra, arna sloinneadh mar euro in aghaidh an tona d'earra.

IARSCRÍBHINN II

An cineál sásraí praghais carbóin

Ní liosta uileghabhálach é liosta na gcineálacha sásraí um praghsáil carbóin a luaitear faoin Iarscríbhinn seo, agus ní thugtar réamhbhreith leis ar an bhféidearthacht go ndéanfadh an duine neamhspleách measúnú ar chineálacha breise sásraí um praghsáil carbóin.

Dlínse	Sásra um praghsáil carbóin	Cineál an tsásra um praghsáil carbóin	Príomhchineál lacáistí agus cineálacha eile cúitimh
an Albáin	Cáin charbóin na hAlbáine	Cáin charbóin bhreoslabhunaithe	
an Airgintín	Cáin Charbóin na hAirgintíne (Cáin ar Bhreoslaí Leachtacha agus ar Dhéocsaíd Charbóin)	Cáin charbóin bhreoslabhunaithe	
An Astráil	Sásra Cosanta na hAstráile	Córas trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa	Astaíochtaí faoin mbonnlíne
Cúigí agus Críocha Cheanada	Nuálaíocht Teicneolaíochta agus Laghdú Astaíochtaí Alberta (TIER); Córas Praghsála Aschuir-Bhunaithe (OBPanna) British Columbia; Córas Praghsála Bunaithe ar Aschur Nua Brunswick (OTBanna NB); Córas Praghsála Carbóin Thalamh an Éisc agus Labradar don Mhórthionscal; Córas Praghsála Aschuir na hAlban Nua (OBPanna); Córas Praghsála Astaíochtaí (EPS) Ontario; Clár Saskatchewan um Chaighdeáin Feidhmíochta Aschuir-Bhunaithe; An Córas Cónaidhme Praghsála Aschuir-Bhunaithe (OBPanna).	Córas trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa	Astaíochtaí faoin mbonnlíne
	Córas teorannaithe agus trádála teorann Québec	Córas trádála astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
an tSile	Cáin Charbóin na Sile	Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse	
an tSín	Córas Náisiúnta Trádála Astaíochtaí na Síne	Córas trádála astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce Uasteorainn dliteanais
an Cholóim	Cáin Charbóin na Colóime	Cáin charbóin bhreoslabhunaithe	
an India	Scéim Trádála Creidmheasa Carbóin na hIndia	Córas trádála astaíochtaí bunlíne agus creidmheasa	Astaíochtaí faoin mbonnlíne
an Indinéis	Scéim Trádála Carbóin Luach Eacnamaíoch na hIndinéise	Córas trádála astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
Iosrael	Cáin charbóin Iosrael	Cáin charbóin bhreoslabhunaithe	Astaíochtaí díolmhaithe

Dlínse	Sásra um praghsáil carbóin	Cineál an tsásra um praghsáil carbóin	Príomhchineál lacáistí agus cineálacha eile cúitimh
an tSeapáin	Cáin charbóin na Seapáine (Cáin ar Mhaolú ar an Athrú Aeráide)	Cáin charbóin bhreosla-bhunaithe	
an tSeapáin	GX-ETS na Seapáine	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
an Chasacstáin	Córas Trádála Astaíochtaí na Casacstáine	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
Meicsiceo	Cáin Charbóin Mheicsiceo	Cáin charbóin bhreosla-bhunaithe	
Montainéagró	Córas Trádála Astaíochtaí Mhontainéagró	Córas Trádála Astaíochtaí	Liúntais Shaor in Aisce
an Nua-Shéalainn	Córas Trádála Astaíochtaí na Nua-Shéalainne	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
an tSeirbia	Cáin charbóin na Seirbia	Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse	Astaíochtaí díolmhaithe
Singeapór	Cáin charbóin Shingeapór	Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse	Astaíochtaí díolmhaithe
an Afraic Theas	Cáin charbóin na hAfraice Theas	Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse	Astaíochtaí díolmhaithe
an Chóiré Theas	Córas Trádála Astaíochtaí na Cóiré (K-ETS)	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
an Téaváin	Táille Charbóin na Téaváine	Táille charbóin bhreosla-bhunaithe	Ráta laghdaithe Astaíochtaí díolmhaithe
an Tuirc	Córas Trádála Astaíochtaí na Tuirce	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
AN RÍOCHT AONTAITHE	Scéim Trádála Astaíochtaí na Ríochta Aontaithe	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce
AN RÍOCHT AONTAITHE	Tacaíocht don Phraghas Carbóin	Cáin charbóin bhreosla-bhunaithe	
an Úcráin	Cáin charbóin na hÚcráine	Cáin charbóin ar astaíochtaí poncfhoinse	
Stáit Aontaithe Mheiriceá (Na Stáit)	Clár California Cap-and-Invest Clár Cosanta Aeráide Oregon Clár Cap-and-Invest Washington	Córas Trádála Astaíochtaí	Lamháltais saor in aisce

IARSCRÍBHINN III

Teimpléad thuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin

1. SAINAITHINT AN OIBREORA AGUS NA SUITEÁLA

(a) Uimhir aitheantais uathúil na suiteála i gclárlann SCCT;

(b) uimhir aitheantais uathúil oibreoir na suiteála i gclárlann SCCT.

2. SAINAITHINT THUARASCÁIL AN OIBREORA AR PHRAGHAS CARBÓIN

(a) Aitheantóir uathúil agus uimhir leagain thuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin;

(b) an tréimhse thuairisciúcháin is infheidhme;

(c) aitheantóirí uathúla thuarascáil fhíoraithe an oibreora maidir le hastaíochtaí agus na tuarascála fíorúcháin comhfhreagraí.

3. SONRAÍ MAIDIR LE PRAGHAS CARBÓIN

I gcás gach sásra um praghsáil carbóin a bhfuil feidhm aige maidir le hastaíochtaí díreacha agus astaíochtaí indíreacha, ar leithligh:

(a) ainm an tsásra um praghsáil carbóin;

(b) cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear astaíochtaí díreacha nó astaíochtaí indíreacha leis an sásra um praghsáil carbóin;

(c) tagairt don reachtaíocht is infheidhme;

(d) an praghas carbóin san airgeadra áitiúil in aghaidh an tona de CO_2e:

(1) i gcás ina bhfuil an praghas carbóin bunaithe ar mheánphraghas ceantála ualaithe, ar mheánphraghas malairte nó ar ráta seasta lamháltas dá dtagraítear i roinn 3.3.1 d'Iarscríbhinn I, tagairt don mheánphraghas ceantála foilsithe, don phraghas malairte foilsithe nó don ráta seasta foilsithe;

(2) i gcás ina bhfuil an praghas carbóin bunaithe ar meán an chostphraghais atá ar aonaid chomhlíontachta an oibreora, dá dtagraítear i roinn 3.3.1 d'Iarscríbhinn I, luach ríofa an mheánphraghais sin;

(3) i gcás ina bhfuil feidhm ag roinn 3.3.2 d'Iarscríbhinn I, an ráta sonrach cánach carbóin nó an ráta laghdaithe cánach carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí CO_2 a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha;

(4) i gcás ina bhfuil roinn 3.3.3 nó roinn 3.3.4 d'Iarscríbhinn I infheidhme, an meánphraghas ualaithe carbóin in aghaidh an tona d'astaíochtaí CO_2, a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha;

(5) an lacáiste nó cineál eile ráta cúitimh in aghaidh an tona d'astaíochtaí a bhaineann leis an gcineál aisíocaíochta dá dtagraítear i roinn 3.4 d'Iarscríbhinn I;

(e) iomlán na n-astaíochtaí SPC a bhaineann le hastaíochtaí díreacha nó indíreacha dá dtagraítear i ranna 3.1 agus 3.2 d'Iarscríbhinn I;

(f) i gcás ina gceanglaítear leis an sásra um praghsáil carbóin go n-íocfar praghas carbóin in aghaidh chainníocht an bhreosla a cheannaítear nó a ídítear, an fachtóir astaíochta a úsáidtear chun astaíochtaí SPC a chinneadh i gcomhréir le roinn 3.3.3 d'Iarscríbhinn I;

(g) i gcás inar úsáideadh foirmeacha éagsúla d'aonaid le haghaidh comhlíonadh chun oibleagáidí comhlíontachta dá dtagraítear i roinn 3.3.4 d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, na hastaíochtaí SPC gaolmhara leis na haonaid sin le haghaidh comhlíonadh;

(h) an cur chuige a glacadh chun astaíochtaí SPC a shannadh don tréimhse thuairisciúcháin mura bhfuil tréimhse thuairisciúcháin SPC mar an gcéanna leis an tréimhse thuairisciúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a thuairisciú;

(i) an cur chuige a glacadh chun a áirithiú go bhfuil sannadh sonraí maidir le praghas carbóin do chainníocht táirgeachta gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC comhsheasmhach leis an gcur chuige maidir le hastaíochtaí leabaithe a shannadh i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(j) i gcás inar córas trádála astaíochtaí é an sásra um praghsáil carbóin, líon na n-aonad comhlíontachta a géilleadh chun na hastaíochtaí CPM tuairiscithe agus deimhnithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, roinn 3.5.1, an chéad fhomhír, pointe (b), a chumhdach, lena n-áirítear na hastaíochtaí CPM tuairiscithe agus deimhnithe a bhaineann le gach bliain de thréimhse chomhlíontachta ilbhliantúil má cheanglaíonn an córas trádála astaíochtaí sin ar an oibreoir aonaid chomhlíontachta a ghéilleadh sa bhliain deiridh de thréimhse chomhlíontachta ilbhliantúil;

(k) na hastaíochtaí díreacha nó indíreacha iomlána laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht na táirgeachta do gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, arna sloinneadh ina dtonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra nó MWh;

(l) na hastaíochtaí díreacha nó indíreacha atá díolmhaithe ón oibleagáid praghas carbóin a íoc i gcomhréir le Iarscríbhinn I, roinn 5, arb éard atá iontu:

(1) astaíochtaí a bhaineann le lamháltais saor in aisce a fhaigheann an t-oibreoir;

(2) astaíochtaí atá faoi bhun bunlíne déine astaíochtaí;

(3) astaíochtaí atá faoi bhun tairseach nach bhfuil aon phraghas carbóin dlite fúithi;

(4) astaíochtaí eile atá díolmhaithe ó phraghas carbóin a íoc;

(m) an lacáiste díreach nó indíreach nó cineál eile cúitimh ar astaíochtaí laistigh den tréimhse thuairisciúcháin a shanntar do chainníocht táirgeachta gach tona d'earra in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh ina thonaí de CO_2e in aghaidh an tona d'earra nó MWh;

(n) i gcás gach ceann de na hearraí:

(1) an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás sainastaíochtaí leabaithe díreacha, agus, más infheidhme, sainastaíochtaí indíreacha arna sloinneadh i bpraghas san airgeadra áitiúil in aghaidh an tona d'earra nó in aghaidh MWh;

(2) an ráta malairte bliantúil a úsáidtear chun an praghas carbóin a chomhshó ó airgeadra áitiúil na dlínse go euro;

(3) bliain an ráta malairte bhliantúil oifigiúil a úsáidtear chun an praghas carbóin a chomhshó ó airgeadra áitiúil na dlínse go euro;

(4) an praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás na sainastaíochtaí leabaithe iomlána, lena n-áirítear na sainastaíochtaí leabaithe díreacha, agus, más infheidhme, sainastaíochtaí indíreacha, arna sloinneadh in euro in aghaidh an tona d'earraí nó in aghaidh MWh.

4. SONRAÍ MAIDIR LE PRAGHAS CARBÓIN MAIDIR LE RÉAMHTHEACHTAITHE A THÁIRGTEAR LASMUIGH DEN TSUITEÁIL

(a) Maidir le gach praghas carbóin deimhnithe is infheidhme maidir le réamhtheachtaí a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil ina dtáirgtear na hearraí coimpléascacha:

(1) aitheantóir uathúil thuarascáil deimhniúcháin shuiteáil an réamhtheachtaí;

(2) an praghas carbóin a íoctar iarbhír i gcás gach réamhtheachtaí mar a thuairiscítear i dtuarascáil deimhniúcháin na suiteála, arna shloinneadh in euro in aghaidh an tona d'earraí.

(b) I gcás gach praghais carbóin réamhshocraithe is infheidhme maidir le réamhtheachtaí a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil ina dtáirgtear na hearraí coimpléascacha:

(1) An praghas carbóin réamhshocraithe a úsáidtear, arna shloinneadh in EUR in aghaidh an tona de CO2e, agus an praghas carbóin mar thoradh air sin a íoctar ar gach réamhtheachtaí, arna shloinneadh in euro in aghaidh an tona earraí.

5. SONRAÍ MAIDIR LE PRAGHAS CARBÓIN ARNA GCOMHIOMLÁNÚ MAIDIR LE SÁSRAÍ ÉAGSÚLA UM PRAGHSÁIL CARBÓIN

An praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír in euro in aghaidh an tona d'earra, nó in aghaidh MWh, lena gcumhdaítear na sásraí uile um praghsáil carbóin is infheidhme maidir le hastaíochtaí an earra.

IARSCRÍBHINN IV

Raon feidhme an chreidiúnúcháin le haghaidh daoine neamhspleácha

Léireofar raon feidhme an chreidiúnúcháin agus na ngrúpaí gníomhaíochtaí a shainítear san Iarscríbhinn seo sa deimhniú creidiúnúcháin.

Uimhir ghrúpa gníomhaíochta SCCT	Raon feidhme an chreidiúnúcháin
LIV	Deimhniú ar an bpraghas carbóin a íoctar iarbhír

IARSCRÍBHINN V

Teimpléad na tuarascála deimhniúcháin

1. SONRAÍ AITHEANTAIS GINEARÁLTA

1.1. **Sainaithint na suiteála agus an oibreora**

(a) Ainm na suiteála;

(b) aitheantóir uathúil na suiteála i gclárlann SCCT.

1.2. **Sainaithint na tuarascála deimhniúcháin**

(a) Aitheantóir uathúil agus uimhir leagain na tuarascála deimhniúcháin;

(b) an tréimhse thuairisciúcháin is infheidhme.

1.3. **Sainaithint an duine neamhspleách**

(a) Ainm an duine neamhspleách;

(b) an seoladh ag a bhfuil an duine neamhspleách bunaithe;

(c) i gcás ina ndearna an duine neamhspleách gníomhaíochtaí deimhniúcháin a sheachfhoinsiú i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1), seoladh/seoltaí oifige na foirne deimhniúcháin;

(d) uimhir chreidiúnúcháin an duine neamhspleách;

(e) ainm an chomhlachta náisiúnta creidiúnúcháin;

(f) tír bhunaíochta an chomhlachta náisiúnta creidiúnúcháin;

(g) dáta éaga an chreidiúnaithe;

(h) aon raon feidhme creidiúnúcháin atá ábhartha maidir le SCCT.

2. FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN DEIMHNIÚ

2.1. **Foireann deimhniúcháin**

(a) Ainm phríomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT agus iniúchóirí deimhniúcháin SCCT uile agus, i gcás inarb infheidhme, shaineolaithe teicniúla SCCT uile ar comhaltaí den fhoireann deimhniúcháin iad;

(b) an líon deimhnithe leantacha arna ndéanamh ag príomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT;

(c) más infheidhme, ainm phríomhiniúchóir deimhniúcháin SCCT, iniúchóirí deimhniúcháin SCCT agus shaineolaithe teicniúla a thugann faoin gcuairt ar an láithreán.

2.2. **Sonraí maidir le cuairteanna fisiceacha ar an láithreán**

(a) Más infheidhme, dátaí na gcuairteanna ar an láithreán agus an líon laethanta a caitheadh ar an láithreán;

(b) más infheidhme, dáta, suíomh na gcuairteanna agus míniúchán mionsonraithe ar na cúiseanna atá leis na cuairteanna fisiceacha ar an láithreán.

2.3. **Bunús na hoibre deimhniúcháin**

(a) Cuspóirí an deimhniúcháin;

(b) raon feidhme an deimhniúcháin;

(c) raon feidhme an chreidiúnúcháin is gá chun an deimhniú a dhéanamh;

(d) aitheantóir uathúil, dáta agus uimhir leagain na tuarascála fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(1);

(e) na critéir a úsáideadh chun tuarascáil an oibreora ar phraghas carbóin a dheimhniú;

(f) tairseach ábharthachta a chuirtear i bhfeidhm;

(g) deimhniú gur sheiceáil an duine neamhspleách ar deonaíodh lacáistí nó cineálacha eile cúitimh don oibreoir, tuairisc ar thoradh an mheasúnaithe sin agus cibé acu a thugtar nó nach dtugtar an fhianaise a bhaineann le lacáistí nó cineálacha eile cúitimh i gcomhréir le roinn 5.3 d'Iarscríbhinn I;

(h) más infheidhme, deimhniú nach bhfuarthas aon lacáiste ná cineál eile cúitimh mar a shonraítear in Airteagal 9;

(i) deimhniú go bhfuil an cur chuige chun astaíochtaí SPC agus praghas carbóin a íoctar iarbhír a shannadh do gach earra comhsheasmhach leis an gcur chuige chun astaíochtaí leabaithe a shannadh i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 maidir le hastaíochtaí leabaithe a ríomh, lena n-áirítear aon neamhréireacht arna sainaithint ag an duine neamhspleách;

(j) deimhniú gur seiceáladh fianaise gur íoc an t-oibreoir an praghas carbóin iarbhír agus tuairisc ar aon neamhréireacht a sainaithníodh sa mheasúnú ar an bhfianaise a bhfuil tionchar aici ar an bpraghas carbóin a íoctar iarbhír;

(k) deimhniú gur sheiceáil an duine neamhspleách comhsheasmhacht na n-aonad comhlíontachta a géilleadh leis na hastaíochtaí tuairiscithe agus deimhnithe a chumhdaítear leis na haonaid chomhlíontachta sin a géilleadh agus tuairisc ar aon neamhréireacht a sainaithníodh;

(l) liosta d'fhianaise ar phraghas carbóin a ndearna an duine neamhspleách measúnú uirthi le linn an deimhniúcháin.

2.4. **Deimhniú sonraí maidir le praghas carbóin**

(a) An praghas carbóin iomlán a íoctar iarbhír i gcás gach earra, in euro, atá inchurtha i leith gach earra, arna shloinneadh in euro in aghaidh an tona d'earra nó in euro in aghaidh MWh;

(b) na hastaíochtaí SPC iomlána a shanntar do gach earra in aghaidh an chóid AC, arna shloinneadh in tCO_2e in aghaidh an tona d'earra nó tCO_2e in aghaidh MWh;

(c) sonraí a thacaíonn leis an bpraghas carbóin deimhnithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b):

(1) Praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás gach earra, in euro i gcás astaíochtaí díreacha na suiteála, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona d'earra nó i bpraghas in aghaidh MWh;

(2) praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás gach earra, in euro i gcás astaíochtaí indíreacha na suiteála, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona d'earra nó i bpraghas in aghaidh MWh;

(3) praghas carbóin a íocadh iarbhír i gcás gach earra, in euro i gcás astaíochtaí réamhtheachtaithe a tháirgtear lasmuigh den tsuiteáil, arna shloinneadh i bpraghas in aghaidh an tona d'earra.

2.5. **Ráiteas ar an tuairim dheimhniúcháin**

(a) Ráiteas an duine neamhspleách ina léirítear an dtagann sé ar an gconclúid le dearbhú réasúnach go bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráiteas ábhartha agus gur íocadh an praghas carbóin i gcás na n-astaíochtaí leabaithe fíoraithe iarbhír;

(b) faisnéis faoi mhíráitis eile nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil deimhniúcháin agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha;

(c) faisnéis faoi na cásanna neamhchomhlíonta atá fágtha nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil deimhniúcháin agus cé acu atá nó nach bhfuil éifeacht ábhartha acu ar na sonraí maidir le praghas carbóin;

(d) moltaí maidir le feabhsuithe, más infheidhme;

(e) dáta agus síniú duine údaraithe thar ceann an duine neamhspleách, lena n-áirítear a ainm.